An Roinn Oideachais agus Scileanna

# Neamhspleáchas Scoile a Chur chun Cinn i gCóras Scoile na hÉireann

# Doiciméad Taighde

Mí na Nollag 2015

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

© 2015 An Roinn Oideachais agus Scileanna

# Clár

# Neamhspleáchas Scoile a Chur chun Cinn i gCóras Scoile na hÉireann


**1 Réamhrá** Leathanach

1.1 Cuspóir an pháipéir seo **4**
1.1 An comhthéacs a thuiscint

**2 Neamhspleáchas Scoile** **7**

2.1 Neamhspleáchas a shainmhíniú
2.2 Diminsin an neamhspleáchais
2.3 Gnéithe an neamhspleáchais
2.4 Neamhspleáchas scoile - Réasúnaíocht

**3 Clár an Rialtais 2011-2016** **11**

3.1 Neamhspleáchas scoile a mhéadú
3.2 Neamhspleáchas scoile a mhéadú - Réasúnaíocht
3.3 Freagracht a fhorbairt

**4 Rialachas, bainistiú agus éiteas Scoile: Roghanna le breathnú** **13**

4.1 Rialachas, bainistiú agus éiteas a shainmhíniú
4.2 Buntáistí agus míbhuntáistí le neamhspleáchas méadaithe i dtaca le rialachas, bainistiú agus éiteas
4.3 Neamhspleáchas ar rialachas, bainistiú agus éiteas i ndlínsí eile
4.4 Rialachas, bainistiú agus éiteas scoile in Éirinn
4.5 Clár an Rialtais
4.6 Dul chun cinn agus forbairtí
4.7 Neamhspleáchas ar rialachas, bainistiú agus éiteas scoile a mhéadú
4.8 Ceisteanna freagrachta
4.9 Roghanna lena mbreathnú

**5 Curaclam, oideolaíocht agus measúnú: Roghanna le breathnú** **29**

5.1 Neamhspleáchas ar churaclam, oideolaíocht agus measúnú a shainmhíniú
5.2 Buntáistí agus míbhuntáistí le neamhspleáchas méadaithe i dtaca le neamhspleáchas méadaithe ar churaclam, oideolaíocht agus measúnú
5.3 Curaclam, oideolaíocht agus measúnú i ndlínsí eile

5.4 Neamhspleáchas ar churaclam, oideolaíocht agus measúnú: Tábhacht le ceannaireacht
5.5 Neamhspleáchas ar churaclam, oideolaíocht agus measúnú in Éirinn
5.6 Clár an Rialtais
5.7 Dul chun cinn agus forbairtí
5.8 Neamhspleáchas ar churaclam, oideolaíocht agus measúnú a mhéadú
5.9 Ceisteanna freagrachta
5.10 Roghanna lena mbreathnú

**6 Buiséid agus maoiniú: Roghanna le breathnú 47**

6.1 Neamhspleáchas buiséid a shainmhíniú
6.2 Buntáistí agus míbhuntáistí le neamhspleáchas buiséid
6.3 Neamhspleáchas buiséid i ndlínsí eile
6.4 Neamhspleáchas buiséid in Éirinn
6.5 Clár an Rialtais
6.6 Neamhspleáchas buiséid a mhéadú
6.7 Ceisteanna freagrachta
6.8 Roghanna lena mbreathnú

**Leabharliosta 60**

# Neamhspleáchas scoile a Chur chun Cinn i gCóras Scoile na hÉireann

## 1.1 Réamhrá

### 1.1.1 Cuspóir an pháipéir seo

Sa pháipéar taighde agus plé seo tugtar athbhreithniú ar an taighde faoi láthair ar neamhspleáchas scoile. Tá sé mar aidhm ann a bheith mar bhonn eolais faoin gcomhairliúchán, agus faoin mbreathnú, ar raon roghanna chun neamhspleáchas na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna státmhaoinithe in Éirinn a chur chun cinn. Scríobhadh é mar pháipéar comhpháirtíochta don *Páipéar Comhairliúcháin ar Neamhspleáchas Scoile i gCóras Scoile na hÉireann a Chur chun Cinn*, a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna i Samhain 2015. Ullmhaíodh páipéar taighde seo mar gheall ar roinnt gealltanas a tugadh i gClár an Rialtais 2011-2016 maidir le neamhspleáchas scoileanna a mhéadú. Sa pháipéar leagtar amach roinnt roghanna praiticiúla chun an neamhspleáchas sin a mhéadú. Leis na roghanna sin a leagan amach, tugadh san áireamh an taighde ar neamhspleáchas scoile, leibhéil neamhspleáchais scoile atá ann in Éirinn cheana, agus an fhéidearthacht a bhaineann le raon roghanna féideartha chun an neamhspleáchas sin a chur chun cinn. Tá cuid de na roghanna sin faoi lán seoil cheana, ach tá gá le tuilleadh fiosraithe agus machnaimh a dhéanamh ar chuid eile acu.

D'fhonn neamhspleáchas scoileanna a mhéadú is gá, de ghnáth, cinnteoireacht a dhílárú do scoileanna, a fhágann gur féidir leo níos mó cinntí a dhéanamh maidir leis an oibriú agus an obair acu. Is féidir dá bharr, fosta, go mbeidh guth níos láidre ag tuismitheoirí, pátrúin, pobail, nó iad seo uile i gcomhar le chéile i dtaca le hoibriú agus obair scoileanna.

Tá mar aidhm ag na roghanna a leagtar amach sa pháipéar seo roinnt dóigheanna a lua arbh fhéidir na cuspóirí maidir le neamhspleáchas scoile atá i gClár an Rialtais 2011-2016 a chur chun cinn. Agus na roghanna seo á gcur faoi bhráid, tugadh san áireamh na nithe seo a leanas:

- An inmhianaitheacht maidir le tionchair an neamhspleáchais mhéadaithe a beartaíodh a bhaint amach
- Na buntáistí agus na míbhuntáistí le raon roghanna chun neamhspleáchas scoile a chur chun cinn
- Athruithe ar mheicníochtaí freagrachta a theastódh de réir mar a mhéadaítear neamhspleáchas scoile
- An comhthéacs oideachais agus cultúrtha faoi láthair i gcóras scoile na hÉireann

## 1.1.2 An comhthéacs a thuiscint

D'fhonn aon chinntí a dhéanamh maidir le neamhspleáchas scoile is gá an comhthéacs ina n-oibríonn scoileanna a thabhairt san áireamh. Tá tábhacht ar leith ag baint le gnéithe den comhthéacs sin ina leith seo: méid na scoile, ceannaireacht agus soláthair foirne scoileanna, agus na forbairtí is déanaí maidir le curaclam agus féinmheasúnú scoile. Le cinntí a dhéanamh ar pholasaí maidir le neamhspleáchas níos mó do scoileanna, is gá aird chuí a thabhairt ar na nithe sin.

### Méid scoile

In Éirinn is minic a bhíonn difear mór ag leibhéil bunscoile agus iar-bhunscoile i dtaca le méid de. Tá a lán bunscoileanna beag; de réir staitisticí don scoilbhliain 2012-2013 bhí faoi bhun 100 dalta i 42% de bhunscoileanna. Go deimhin, bhí faoi bhun 50 dalta ar 598 bunscoil státmhaoinithe ar fad. De ghnáth bíonn iar-bhunscoileanna níos mó ná bunscoileanna. Ach, is minic a bhíonn difear mór eatarthu i dtaca le méid de.

### Ceannaireacht agus soláthar foirne scoileanna

Le blianta beaga anuas, tá líon ard príomhoidí agus múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile tar éis éirí as agus tá líon ard príomhoidí agus leas-phríomhoidí nuacheaptha i scoileanna ag an dá leibhéal. Lena chois sin, cé gur ann fós don mhórchuid de na poist mheánbhainistíochta i scoileanna go fóill, (cé nach ionann an dáileadh orthu thar an gcóras), tá laghdú ar mhéid na bhfoirne meánbhainistíochta ag an dá leibhéal. 'Séard ba chúis leis sin ná nuair a chuaigh múinteoirí ar scor a raibh poist ardaithe céime acu (príomhoidí cúnta agus poist mhúinteora a bhain le sainchúraimí, mar shampla), níor líonadh na folúntais sin de ghnáth mar gheall ar an moratóir seirbhíse poiblí. Cé go bhfuil feabhas éigin tagtha ar an scéal sin maidir le príomhoidí cúnta a cheapadh sna scoileanna is mó, agus mar gheall ar chinntí a fógraíodh i nDeireadh Fómhair 2015 mar chuid de Bhuiséad 2016 cuirfear acmhainní sonracha ar fáil chun leas-phríomhoidí lánaimseartha nó páirtaimseartha a cheapadh i scoileanna dara leibhéal, go fóill féin beidh foirne meánbhainistíochta an-laghdaithe i mórán scoileanna ag an dá leibhéal.

### Forbairtí curaclaim

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ag obair ar leasuithe ar churaclaim bhunscoile do theangacha agus seolfar na chéad ghnéithe de na curaclaim leasaithe sin i scoileanna in 2015. Ag leibhéal iar-bhunscoile, tá tosaithe ar leasú a dhéanamh ar an tSraith Shóisearach ina bhfuil cúrsaí gearra á ndearadh agus measúnú scoilbhunaithe á ndéanamh ag scoileanna.

### Féinmheasúnú scoile

Seoladh féinmheasúnú scoile le déanaí ag leibhéil bunscoile agus iar-bhunscoile araon. Tríd an bpróiseas féinmheasúnú scoile, iarrtar ar scoileanna measúnú a dhéanamh ar a fheabhas atá siad ag feidhmiú i dtaca leis an oideachas atá siad ag soláthar dá mic léinn agus ar

cháilíocht fhoghlaim a gcuid mac léinn, agus an t-eolas sin a úsáid le pleanáil chun feabhais a dhéanamh Sa phróiseas seo bailíonn scoileanna eolas agus déanann siad anailís air, tuairiscíonn ar láidreachtaí scoile agus ar réimsí le haghaidh forbairt a dhéanamh, agus leagann siad amach spriocanna agus pleananna gníomhaíochta maidir le feabhas. Tá scoileanna ag céimeanna éagsúla i dtaca leis an bpróiseas féinmheasúnú scoile.

# 2. Neamhspleáchas scoile

## 2.1 Neamhspleáchas a shainmhíniú

Is é atá i gceist le neamhspleáchas scoile ná scoileanna a scaoileadh ó smacht láraithe maorlathach nó, go simplí, an chinnteoireacht a dhílárú do scoileanna. Tá samplaí de na sainmhínithe éagsúla ar neamhspleáchas scoile le fáil sa litríocht lena n-áirítear:

- Is í is neamhspleáchas scoile ná *cumas scoileanna cinntí a dhéanamh iad féin ar cheisteanna ábhartha, cuir i gcás cuspóirí agus gníomhaíochtaí atá le déanamh. Baineann sé le réimsí amhail rialachas, pearsanra, curaclam, modhanna teagaisc, beartais smachta, cúrsaí buiséid, áiseanna agus iontráil mac léinn* (Agasisti et al, 2013)
- Is é is neamhspleáchas scoile ná *cineál de bhainistiú scoile ina dtugtar údarás cinnteoireachta do scoileanna ar a gcuid oibríochtaí, lena n-áirítear pearsanra a earcú agus a bhriseadh, agus ar mheasúnú ar mhúinteoirí agus ar chleachtais oideolaíochta* (Arcia et al, 2011)

Is féidir an chumhacht le cinntí a dhéanamh a dhílárú do scoileanna iad féin, tuismitheoirí, pobail, údaráis áitiúla, pátrúin, nó do mheascán díobh seo go léir. Taobh istigh de scoil, is féidir an chumhacht cinnteoireachta a aistriú chuig príomhoide na scoile, na múinteoirí, agus, i roinnt cásanna, na mic léinn fiú.

## 2.2 Céimeanna an neamhspleáchais

Mar is léir ón litríocht ar neamhspleáchas scoile, is féidir le scoileanna a bheith neamhspleách go céimeanna éagsúla i réimsí éagsúla den obair agus den oibriú acu. Seo leanas catagóiriú úsáideach amháin ar chéimeanna neamhspleáchais:

- Meastar scoileanna a bheith *lán-neamhspleách*, nó ag ardleibhéal neamhspleáchais, má tá siad freagracht go hiomlán as a gcinntí faoi réir srianta dlíthiúla nó chreatlach ghinearálta na reachtaíochta oideachais.
- Tá scoileanna *páirt-neamhspleách* má dhéanann siad cinntí taobh istigh de roghanna réamhchinnte nó má theastaíonn ceadú uathu le haghaidh cinntí ón údarás oideachais réigiúnach nó náisiúnta acu.
- Is féidir neamhspleáchas a bheith *intuigthe* chomh maith sa chás nach bhfuil rialacha ná rialacháin i réimse áirithe (Eurydice, 2007).

## 2.3 Gnéithe an neamhspleáchais

Is léir ó athbhreithniú ar an taighde agus ar an litríocht bhainteach go n-úsáideann lucht taighde agus scríbhneoirí creatlaí éagsúla ina n-anailís agus ina dtuairisciú ar ghnéithe den neamhspleáchas scoile. Mar shampla:

- Agasisti et al (2013), agus scrúdú á dhéanamh acu ar an difear idir neamhspleáchas foirmeálta agus fíor-neamhspleáchas i gcóras oideachais na hIodáile, d'úsáid siad creatlach choincheapúil de neamhspleáchas scoile a bhfuil trí phríomhghné inti:
  - *Rialachas* (agus go háirithe i gcás boird rialaithe)
  - *Caidrimh Scoile* (caidreamh idir príomhoide agus múinteoirí)
  - *Freagracht* (oscailteacht i dtaca le freagracht agus trédhearcacht)

- In *School Autonomy in Europe: Policies and Measures* (Eurydice, 2007), breithnítear neamhspleáchas scoile i dtaca le maoiniú agus daonacmhainní de.

- San anailís ar neamhspleáchas scoile i scoileanna a fhaigheann maoiniú poiblí i Sasain, *School Autonomy in England* (Eurydice, 2007), breithnítear neamhspleáchas i dtaca le misean, carachtar, éiteas, dáileadh acmhainní, soláthar foirne, curaclam agus measúnú, iontrálacha dalta, bainistiú iompraíochta de.

- Sa staidéar atá déanta ag Gunnarsson et al (2009), ar bhunscoileanna in 10 dtír Mheiriceánach Laidinigh, breathnaíonn siad ar neamhspleáchas scoile mar an chumhacht a bhronntar ar an riarachán scoile áitiúil le cinntí a dhéanamh i dtaca le nithe amhail curaclam, measúnú, cothabháil scoile, pearsanra a earcú agus a bhriseadh as a bpost.

- San anailís atá déanta ag Hanushek et al (2011), ar neamhspleáchas scoile i gcás sonraí ó na ceithre thonn de thástálacha PISA idirnáisiúnta idir 2000-2009, cruthaíonn siad, bunaithe ar an gcomhghaol idir athróga, trí chatagóir neamhspleáchais: neamhspleáchas ábhair acadúil, neamhspleáchas pearsanra agus neamhspleáchas buiséid.

Bunaithe ar an réimse creatlach a úsáidtear sa litríocht chun gnéithe de neamhspleáchas scoile a chatagóiriú, agus i bhfianaise na moltaí i gClár an Rialtais 2011-2016, úsáidtear an catagóiriú seo a leanas de ghnéithe de neamhspleáchas sa pháipéar seo mar threoir don idirphlé:

- Rialachas, bainistiú agus éiteas
- Curaclam, oideolaíocht agus measúnú
- Buiséad agus maoiniú.

## 2.4 Neamhspleáchas scoile - Réasúnaíocht

Go stairiúil, is san Eoraip sa 19ú haois a tháinig neamhspleáchas scoile ar an bhfód mar bhealach le saoirse acadúil a chinntiú, sprioc a raibh dearcaí creidimh agus fealsúnachta mar údar léi agus a mhair go maith isteach sa dara cuid den 20ú haois (Eurydice, 2007; Arcia et al, 2011). Athraíonn na spriocanna i leith neamhspleáchas a mhéadú. Seo thíos cuid acu:

- *Daonlathas scoile agus áitiúil a bhaint amach*
  - Tháinig neamhspleáchas scoile breise chun tosaigh leis an treocht rannpháirtíocht dhaonlathach is mó a bheith san oideachas, lena n-áiríodh an mhian leis an bpobal áitiúil agus tuismitheoirí a bheith rannpháirteach i reáchtáil scoileanna
  - I dtíortha Nordacha, bhí neamhspleáchas scoile bainteach le próiseas an díláraithe pholaitiúil a d'fhág gur comhairlí áitiúla seachas rialtas lárnach ba mhó a bhí chun tosaigh i mbainistiú scoile

- *Oibriú córas oibre stáit a dhílárú agus a fheabhsú*
  - D'fhás nasc láidir idir freagrachtaí a dhílárú chuig pobail áitiúla agus neamhspleáchas scoile ar an mbonn go méadófaí éifeachtúlacht agus freagrúlacht seirbhísí poiblí dá ndéanfaí an custaiméir a shuí ag croílár gníomhachtaí stáit agus an meon earnála poiblí a chreimeadh (Eurydice, 2007)
  - Táthar den tuairim go bhfuil córais oideachais an-trom ar chumas bainistíochta, teicniúil, agus airgeadais rialtas, agus, dá réir sin, go bhfuil oideachas, mar sheirbhís, ró-chasta lena tháirgeadh agus a sheachadadh ar bhealach láraithe (King and Cordeiro-Guerra, 2005; Montreal Economic Institute, 2007)
  - De réir cuid den taighde atá déanta is dóichí scoileanna a bhfuil smacht is mó ar úsáid a n-acmhainní airgeadais soláthar de na hacmhainní is mian leo a úsáid a bheith acu (EFCE 2005)

- *Cáilíocht an oideachais a fheabhsú*
  - Dar le roinnt tráchtairí is uirlis í neamhspleáchas scoile go bunúsach le húsáid chun cáilíocht an oideachais a fheabhsú (Eurydice, 2007). Tá an dearcadh seo bunaithe ar thuairimí macasamhail:
    - Feidhmeoidh scoileanna níos fearr ach iad a bheith neamhspleách agus freagrach
    - Is iad siúd is cóngaraí don scoil is fearr fios an dóigh le freastal ar na mic léinn
    - Tiocfaidh feabhas ar scoileanna a bhfuil deacrachtaí acu ach iad a bheith sách solúbtha le hathruithe radacacha a dhéanamh i dtaca lena múinteoirí nó a bhfoireann

- Go bunúsach, más ag leibhéal áitiúil a dhéantar cinntí faoi churaclam, oideolaíocht agus measúnú, mar aon leis an údarás le múinteoirí maithe a earcú, a fhorbairt agus aitheantas cuí a thabhairt dóibh, is ionann is cinnte go méadófar cumas na scoile an méid a theastaíonn ó mhic léinn agus a dteaghlaigh a sholáthar (Chubb and Moe, 1990). Lena chois sin, tá roinnt acu siúd atá ar son neamhspleáchais den tuairim go ndéanfaidh neamhspleáchas is mó nuálaíocht agus athrú a spreagadh (Lubienski, 2003; Wohlstetter et al., 1995)
- Sin ráite, áfach, tá an litríocht idir dhá chomhairle fá cé acu tá nó nach bhfuil tionchar dearfach ag neamhspleáchas is mó ar cháilíocht thorthaí mac léinn, toisc go bhfuil an fhianaise an-mheasctha (Tugtar achoimre úsáideach ar an bhfianaise in Victorian Competition and Efficiency Commission 2013)

# 3. Clár an Rialtais 2011-2016

## 3.1 Neamhspleáchas scoile a mhéadú

Tá Clár an Rialtais 2011-2016 ag súil leis na hathruithe seo a leanas maidir le hobair agus bainistiú scoileanna:

- Beidh neamhspleáchas breise ag scoileanna chun 'a riachtanais foirne féin a leagan síos'
- Beidh saoirse bhreise ag príomhoidí agus boird foireann a leithdháileadh agus a bhainistiú agus freagrachtaí bainistíochta a tharmligean do mhúinteoirí
- Beidh guth níos láidre ag tuismitheoirí agus pobail áitiúla i dtaca le pátrúnacht scoileanna
- Is ar bhonn píolótach a dhéanfar buiséad caipitil bliantúil a dhílárú
- Beidh smacht breise ag pobail áitiúla i dtaca le bonneagar oideachasúil
- Déanfar curaclaim a leasú chun gnóthachtáil i litearthacht, matamaitic agus eolaíocht a fheabhsú agus le nuálaíocht agus foghlaim neamhspleách bhreise a spreagadh

## 3.2 Neamhspleáchas scoile a mhéadú – Réasúnaíocht

Tá dílárú na cinnteoireachta do scoileanna agus do phobail áitiúla a bhfuiltear ag súil leis i gClár an Rialtais bunaithe ar trí mhóraidhm: rannpháirtíocht dhaonlathach bhreise i scoileanna a bhaint amach, éifeachtúlacht an chórais scoile a fheabhsú agus, go bunúsach, cáilíocht an oideachais a ofráltar do mhic léinn a fheabhsú. Is léir iad seo, mar shampla, ón méid atá sa Chlár maidir le:

- Caighdeáin oideachais náisiúnta a fheabhsú mar is léir:
    - Ón aidhm níos fadtéarmaí Éire a bheith ar an deich dtír is fearr feidhmíocht i gClár ECFE do Mheasúnú Mic Léinn Idirnáisiúnta (PISA)
    - Ón uaillmhian "sochaí eolais a thógáil"
    - Ón sprioc níos giorra dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar na sraithe sóisearaí agus sinsearaí ag leibhéal iar-bhunscoile chun "nuálaíocht agus foghlaim neamhspleách bhreise a spreagadh." (Clár an Rialtais 2011-2016)
- "Rogha agus guth" a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse poiblí: *In áit buiséid shocraithe a thabhairt do sholáthróirí seirbhíse poiblí traidisiúnta...cuirfidh muid acmhainní i lámha saoránach le seirbhísí a cheannach is fearr atá saindeartha le riar ar a riachtanais agus ar lú a gcostas ar an gcáiníocóir (Clár an Rialtais 2011-2016)*
- Saoirsí nua á dtabhairt do chomhlachtaí seirbhíse poiblí "chun cleachtais oibre a chur in oiriúint do riachtanais foirne agus chustaiméara áitiúla" (Clár an Rialtais 2011-2016)

## 3.3 Freagracht a fhorbairt

### An nasc idir neamhspleáchas agus freagracht

I gcuid mhaith den litríocht tá nasc an-dlúth idir neamhspleáchas agus freagracht. Sa litríocht seo, glactar go forleathan leis an dearcadh gur clocha coirnéil iad socruithe luachála agus measúnaithe i dtaca le feabhsú agus freagracht araon i gcórais scoile
(EFCE, 2013B). Is féidir go ndéanfar é seo ar dhóigheanna éagsúla:

- Tuairisciú poiblí, lena n-áirítear, mar shampla, eolas a fhoilsiú macasamhail eolas ó thuairiscí cigireachta scoile, tuairiscí bliantúla scoile, agus tuairiscí córas-leibhéil a thugann measúnú ar staid an oideachais
- Tá torthaí luachála agus measúnaithe á n-úsáid níos minice feasta le haitheantas cuí a thabhairt d'fheidhmíocht ghníomhairí scoile aonair nó í a cháineadh. Téann seo lámh ar lámh leis an leathnú ar luacháil sheachtrach scoile agus forbairt córas chun athbhreithniú a dhéanamh ar obair agus ar riachtanais forbartha phríomhoidí agus mhúinteoirí. Tá córais i roinnt tíortha ina mbronntar luach saothair i leith dea-fheidhmíochta nó ina ngearrtar pionós i leith tearcfheidhmíochta ar scoileanna, ceannairí scoile nó múinteoirí. (EFCE, 2013B).

Mar shampla, i gcomhthéacs na Ríochta Aontaithe mar ar leitheadach iad na cumhachtaí ag scoileanna acadaimh a ngnóthaí féin a reáchtáil, oibríonn na scoileanna seo taobh istigh de chreatlach freagrachta ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Córas monatóireachta, measúnaithe agus dúshláin ghairmiúil a chuirtear ar fáil ag páirtithe taobh amuigh den scoil macasamhail Páirtnéirí Feabhsaithe Scoile, Ofsted (Cigireacht Scoileanna), Údaráis Áitiúla agus Coimisinéirí Scoile Réigiúnacha
- Réimse cumhachtaí idirghabhála ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus don Aire Oideachais i gcás scoile atá ina ábhar imní (Eurydice, 2007)
- Córas rialachais scoile ina bhfuil scoileanna freagrach as a bhfeidhmíocht trí fhoras rialaithe ar a bhfuil tuismitheoirí, baill foirne agus ionadaithe ón bpobal áitiúil
- Eolas a sholáthar do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne.

### Freagracht agus Clár an Rialtais

Taobh lena moltaí chun roinnt freagrachtaí cinnteoireachta a athrú i leith seachadadh oideachais, leagann Clár an Rialtais roinnt moltaí bainteacha amach chun freagracht a fhorbairt:

- Beidh an neamhspleáchas scoileanna méadaithe i leith soláthar foirne atá molta "laistigh de bhuiséid dhochta agus córais freagrachta nua'
- Beidh ar scoileanna pleananna forbartha cúig bliana a ullmhú.
- Beidh rochtain ag tuismitheoirí ar níos mó eolais agus iad i mbun scoil a roghnú dá bpáistí
- Seolfar isteach 'córas féinmheasúnaithe nua' ag tabhairt ar scoileanna a bhfeidhmíocht a mheasúnú bliain ar bhliain
- Foilseoidh scoileanna tuairiscí bliantúla.

# 4. Rialachas, bainistiú agus éiteas scoile: Roghanna le breathnú

## 4.1 Rialachas, bainistiú agus éiteas a shainmhíniú

Tríd is tríd, is é is rialachas ann ná úinéireacht, eagrú agus bainistiú scoileanna. Cuireann struchtúir rialachais fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta araon ar fáil an gléas trína gcuirtear cumhacht i bhfeidhm in eagrais, lena n-áirítear scoileanna. (Trimmer, 2013). 'Séard is éiteas ann, nó sainmheon na scoile, mar a thugtar air sa reachtaíocht, na luachanna nó na prionsabail a chuirtear chun tosaigh i scoil.

Is féidir go mbeidh difear mór idir struchtúir agus córais rialaithe scoile ó thaobh an leibhéil neamhspleáchais a thugtar do scoileanna i dtaca lena n-úinéireacht, a mbainistiú agus a n-eagrúchán. Féadann stair, cultúr, dlí, rialachán riaracháin agus beartas rialtais a bheith ar chuid de na tosca a mbeidh éifeacht acu i dtaca le cén dóigh agus cá háit a bhfuil scoil suite i gcórais agus i struchtúir rialachais. Féadann difear mór a bheith ann i dtaca le héiteas de.

## 4.2 Buntáistí agus míbhuntáistí le neamhspleáchas méadaithe i dtaca le rialachas, bainistiú agus éiteas

Seo thíos roinnt argóintí a chuirtear chun tosaigh ar son agus in éadan neamhspleáchas méadaithe don scoilphobail i dtaca le rialachas de:

- Beidh scoileanna níos freagraí do thuismitheoirí ach iad a bheith faoi rialachas freagrach níos áitiúla
    - Chomh maith le struchtúir rialachais a dhéanamh níos daonlathaí, is féidir a mhaíomh gur fearr an mhonatóireacht is féidir le tuismitheoirí agus pobail áitiúla a dhéanamh ar mhúinteoirí agus ar scoileanna ach smacht a dhílárú (Galliani et al 2008), má bhíonn fíor-rannpháirtíocht le tuismitheoirí ag leibhéal rialachais. Is í an tuiscint atá taobh thiar de sin ná go ndíríonn maoirseacht dá leithéid aird ar iompraíochtaí teagaisc agus ar thorthaí foghlama.
    - Fuair Gunnarsson and Orazem (2009) amach gur fearr na torthaí atá ag scoileanna atá feistithe amach níos fearr agus ina bhfuil tuismitheoirí níos rannpháirtí iontu.

- Bíonn sé ar a gcumas ag scoileanna na múinteoirí is fearr atá oiriúnach dá riachtanais agus do riachtanais na mac léinn a roghnú ach níos mó neamhspleáchas a thabhairt dóibh i dtaca le soláthar foirne.
    - I gcás roinnt stát SAM agus na hAstráile a bhfuil saoirsí suntasacha acu i dtaca le soláthar foirne, tá roinnt taighdeoirí go láidir den tuairim gurb iad na scoileanna féin is fearr fios chun na patrúin a aithint maidir soláthar foirne agus sainchuntais poist leis na torthaí is fearr a bhaint amach do mhic léinn

    - Deir roinnt tráchtairí i gcomhthéacsanna i SAM agus san Astráil chomh maith gur fearr an iarracht a dhéanfaidh an múinteoir ach an tsolúbthacht a bheith ann le torthaí mic léinn níos fearr a spreagadh.

- Féadann tionchar míchuí a bheith ag tuismitheoirí glóracha ar scoileanna má thugtar neamhspleáchas breise.
    - Tugann Gunnarsson and Orazem (2009) chun solais, mar gheall ar neamhspleáchas, gur féidir leis na tuismitheoirí siúd a bhfuil tionchar acu brú míchuí a chur ar bhainisteoirí áitiúla  Mar gheall air seo, is féidir go mbeidh taobh na polaitíochta níos láidre i dtaca le ról an phríomhoide agus, dá bharr, níos strusmhaire toisc go gcaithfear páirtithe leasmhara iomadúla a shásamh, agus tionchar á imirt ag gach ceann acu.
    - Mar gheall ar neamhspleáchas, is féidir go mbeidh oideachas á sholáthar ag scoileanna atá ag teacht faoi anáil na ndaoine is glóraí, agus nach bhfuil ionadaíoch, b'fhéidir, ar an scoilphobal ar fad.

- Bíonn tuilleadh tacaíochtaí agus acmhainní de dhíth ar scoileanna má dhéantar freagracht bainistíochta a dhílárú do scoileanna
    - Luann mórán tráchtairí na rioscaí breise i dtaca le ceisteanna rialachais, lena n-áirítear dúshláin a bhíonn ann toisc nach féidir dul i ngleic go hiomlán leis na riachtanais a bhaineann le neamhspleáchas gan tacaíocht shuntasach, rud a fhágann go dtiteann scoileanna siar i muinín forais lárnacha taca.
    - Má chuirtear deireadh le forais ardleibhéil, a bhíonn mar sciath chosanta i dtaca le réimse de mhórcheisteanna bainistíochta agus riaracháin, is mó go mór an t-ualach oibre agus an tsúilíocht a bheidh ar scoileanna, a fhágann go mbeidh gá le hacmhainní breise suntasacha lena chinntiú go mbeidh scoileanna in ann feidhmiú gan ró-dhua.
    - 

## 4.3 Neamhspleáchas thar rialachas, bainistíocht agus éiteas i ndlínsí eile

### An Ríocht Aontaithe

Sa Ríocht Aontaithe, tá an rialtas ag spreagadh scoileanna chun tuilleadh neamhspleáchais a ghlacadh chucu féin. Is scoileanna iad na hacadaimh a bhfuil maoiniú poiblí acu agus atá saor ó smacht ag údarás áitiúil. Is scoileanna iad na saorscoileanna a bhunaíonn grúpaí de thuismitheoirí, múinteoirí, carthanais, iontaobhais, agus grúpaí reiligiúnda agus deonacha.  Is beag difríocht phraiticiúil eatarthu, nó déantar acadaimh de na saorscoileanna, agus maoinítear iad ar an dóigh chéanna, díreach ón rialtas áitiúil.  Is ionann na cineálacha neamhspleáchais atá acu agus tá cuntas orthu sin thíos.

Tá córas na n-acadamh ag feidhmiú sa Ríocht Aontaithe le os cionn 13 bliana.  Ar an 01 Feabhra 2014 bhí 3,657 acadamh ag feidhmiú sa RA, agus tá 216 scoil sa phróiseas urraíochta a tharlaíonn sula bhfaigheann an scoil stádas acadaimh, cé nach dtugann an próiséas barántas

go bhfaighidh siad an stádas sin. Tarlaíonn an próiséas seo de ghnáth i gcás scoileanna a mheastar a bheith ag cliseadh. Tá thart ar 24,200 scoil idir bhunscoileanna agus scoileanna iar-bhunscoile ag feidhmiú sa RA. Ciallaíonn sé seo gur scoileanna acadaimh thart air 15% den chohórt iomlán scoile. Ní féidir le scoil a dtréithe creidimh a chur díobh, ná dul i méid, ná éirí ina scoileanna aon ghnéis nó gnéas-mheasctha ná roghnúchán a thabhairt isteach de bharr an phróisis iompaithe. I ndiaidh iompú dóibh, bíonn na hacadaimh á rith ag iontaobhas acadaimh ar cuideachta charthanach é faoi theorainn ráthaíochta. Tá roinnt samplaí ann d'iontaobhais atá freagrach as níos mó ná acadamh amháin.

Sa Ríocht Aontaithe tá tromlach na scoileanna státmhaoinithe faoi smacht an údaráis áitiúil. Athraíonn an coibhneas smachta de bharr an scoil ag athrú go stádas acadaimh, agus ní bhíonn an t-acadamh faoi chúram an údaráis áitiúil a thuilleadh. Is amhlaidh a aistríonn cúram na scoile chuig an rialtas lárnach. Le gairid, fostaíodh ocht gcoimisinéir scoile réigiúnacha chun tuilleadh maoirseachta a dhéanamh ar acadaimh agus ar shaorscoileanna. Tá cúram ar na coimisinéirí scoile réigiúnacha acadaimh úra a cheadú agus dul i mbun idirghabháil le hacadaimh nach mbaineann barrchumas amach ina réigiún féin.

Na hacadaimh ar saorscoileanna iad, bíonn siad á rialú ag iontaobhais charthanacha neamhbhrabúis. Tá cumhacht ag an acadamh téarmaí agus coinníollacha, rátaí tuarastail san áireamh, a leagan síos dá fhoireann ag gach leibhéal agus grád. Níl ceangal orthu ag comhaontuithe comhchoiteanna náisiúnta, ag comhaontuithe ceardchumainn a dhéantar trí idirbheartaíocht lárnach, ag scálaí coiteanna tuarastail ná ag comhaontuithe eile, seachas iad siúd a bhfuil údarás acu i reachtaíocht.

De ghnáth soláthraíonn na húdaráis áitiúla réimse de sheirbhísí cúnta agus tacaíochta, leithéid seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompraíochta. Tá siad seo gaolmhar le cuid de na seirbhísí atá á soláthar in Éirinn ag gníomhaireachtaí leithéid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), TUSLA (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE). Nuair a iompaíonn scoil ina hacadamh, caithfidh sé na seirbhísí a sholáthar an t-údarás áitiúil di roimhe sin a sholáthar di féin. Lena chois sin uile, nuair a iompaíonn scoil ina hacadamh, faigheann sí úinéireacht ar thailte agus ar fhoirgnimh na scoile de thoradh an stádais sin, agus bíonn cúraimí breise ar an scoil agus ar a gobharnóirí maidir le comhlíonadh dlí agus airgeadais, agus tuairisciú.

Is féidir le hacadaimh agus le saorscoileanna téarmaí agus coinníollacha a leagan síos dá bhfostaithe, agus dá réir sin, tá idirbheartaíocht aonair i réim. Mar thoradh air sin, cinneann gach acadamh ar rátaí tuarastail, téarmaí agus coinníollacha fostaíochta na múinteoirí agus fhostaithe eile na scoile ar bhonn aonair. Sa Ríocht Aontaithe cuireadh imní in iúl faoin tionchar a bhí aige seo ar mheanmna na bhfostaithe. Os a choinne sin tá fiúntas áirithe ag baint le rátaí tuarastail aonair, nó na daoine a dhéanfaidh ionchur thar barr, is féidir go bhfaighidís cúiteamh as. Bíonn imní fosta go bhféachann na hacadaimh le múinteoirí níos óige a fhostú nó múinteoirí neamhcháilithe. Sa chás sin bheadh sé ar a gcumas rátaí tuarastail níos ísle a thairiscint agus, dá réir sin, sciar níos airde de chionroinnt maoinithe na scoile a choinneáil trí na costais a ísliú. (Tugadh faoi deara gur nocht a leithéid d'imní i gcás scoileanna neamhspleácha i stáit áirithe san Astráil). In 2012 cheadaigh an Rúnaí Stáit d'acadaimh daoine neamhcháilithe a fhostú mar mhúinteoirí má chreid an t-acadamh go raibh ar chumas an duine feidhmiú i ról an mhúinteora. Bhíothas ag súil go gcothódh an beart seo nuáil agus

solúbthacht, ach chuir páirtithe polaitiúla, chomh maith le grúpaí tuismitheoiri agus múinteoirí go dian ina éadan.

## An Ísiltír

Tá saoirse iomlán ag saoránaigh san Ísiltír scoileanna a bhunú agus cinneadh a dhéanamh ar na prionsabail ar a rialaítear iad. Éascaíonn an neamhspleáchas seo cruthú scoileanna den uile chineál, agus ceangail éagsúla acu le polaitíocht oideolaíocht agus reiligiún. Dá thoradh sin tá idir scoileanna atá á rith go poiblí ann agus scoileanna atá á rith go príobháideach, (nó scoileanna "neamhspleácha"). Mar chúiteamh ar an neamhspleáchas seo, nuair a éilíonn scoil maoiniú ón rialtas lárnach, bíonn uirthi coinníollacha atá leagtha amach i reachtaíocht a chomhlíonadh. Ina measc seo, tá caighdeáin cáilíochta, treoracha faoi na hábhair a bhfuil staidéar le déanamh orthu, cáilíochtaí múinteoirí, agus treoracha faoi chomhairliúchán le múinteoirí agus faoi phleanáil agus dualgais tuairiscithe. Bíonn maoirseacht agus cigireacht le déanamh ar gach scoil chomh maith.

Caithfidh scoileanna tuairisciú do bhord scoile arb é bainisteoir dleathach nó úinéir na scoile é. Is é bord na scoile an príomhpháirtí leasmhar ag leibhéal na scoile. Is air atá freagracht as oibríocht agus as feidhmíocht na scoile. Is féidir leis múinteoirí a fhostú agus a chur chun bealaigh. Gach scoil san Ísiltír, bíodh sí poiblí nó príobháideach, tuairiscíonn sí dá bord scoile. Is féidir leis an mbord sin maoirseacht a dhéanamh ar scoil amháin nó níos mó de réir a mhandáide. San Ísiltír tá idirbheartaíocht idir tuisimitheoirí agus múinteoirí ag fás de réir a chéile le 30 bliain. Tá tuismitheoirí i mórán scoileanna ag tosú ar bheith páirteach i gcomhairlí comhairleacha atá ag na boird scoile. Tá comhairlí comhairleacha de thuismitheoirí ann chomh maith anois, a chuireann comhairle ar na boird gobharnóirí.

## An Fhionlainn

Tá sé ar cheann de na bunphrionsabail in oideachas na Fionlainne go gcaithfidh gach duine rochtain chomhionann a bheith acu ar oideachas agus oiliúint d'ardchaighdeán: is cóir na deiseanna oideachais céanna a bheith ag gach saoránach beag beann ar bhunús eitneach, ar aois, ar mhaoin nó ar áit chónaithe.

Tá riarachán náisiúnta an oideachais á eagrú ar dhá leibhéal. Is ar Aireacht an Oideachais agus an Chultúir atá freagracht as an bpolasaí oideachais. Tá gníomhaireacht náisiúnta, Bord Oideachais Náisiúnta na Fionlainne freagrach as aidhmeanna an pholasaí a chur i bhfeidhm. Oibríonn sé i bpáirt leis an Aireacht le forbairt a dhéanamh ar chuspóirí oideachasúla, ar ábhar agus modhanna d'oideachas luathbhlianta, réamhscoile agus bunoideachais, d'oideachas ag barr an dara leibhéal agus d'oideachas aosach. Tá riarachán an oideachais áitiúil faoi chúram údarás áitiúil, ar údaráis chathartha nó comhúdaráis chathartha iad de ghnáth. Déanann siad seo cinntí faoi mhaoiniú a leithdháileadh, faoi churaclaim áitiúla agus faoi earcaíocht pearsanra. Tá sé ar chumas na n-údarás cathartha cumhacht cinnteoireachta a tharmligean chuig na scoileanna. De ghnáth déanann na príomhoidí foireann na scoile a earcú. Tá freagracht ar na scoileanna as socruithe múinteoireachta praiticiúla chomh maith le héifeachtacht agus le caighdeán an oideachais a sholáthraíonn siad. Mar shampla, níl rialúcháin ann faoi mhéid ranganna agus tá saoirse ag na scoileanna a chinneadh cén ghrúpáil a dhéanfar ar na mic léinn.

Cinntíonn na húdaráis áitiúla ar cá mhéad neamhspleáchas a thugtar do na scoileanna. Bíonn súil le hidirghabháil idir boird scoileanna, tuismitheoirí agus an t-údarás cathartha taobh istigh d'aidhmeanna agus tosaíochtaí coiteanna. Tá ceart ag na scoileanna seirbhísí oideachasúla a sholáthar de réir a socruithe riaracháin agus de réir a bhfíse féin ach na feidhmeanna bunúsacha, a leagtar síos sa dlí, a chomhlíonadh. Mar shampla, i mórán cásanna bíonn freagracht ar an scoil as an mbuiséad a bhainistiú, as ceannacháin agus earcaíocht. Mar a dhéantar a phlé i gCaibidil 5 bíonn neamhspleáchas oideolaíochta ag na múinteoirí. Féadann siad cinneadh ar na modhanna teagaisc a chinneadh chomh maith leis na téacsleabhair agus ábhar eile.

### Victoria, an Astráil

De ghnáth bíonn tuilleadh neamhspleáchais ag scoileanna rialtais in Victoria ná i ndlínsí eile san Astráil. Is gnách go ndéantar iad a rialú trí chomhairlí scoile atá freagrach don Aire Oideachais. Caithfidh os cionn an tríú cuid den chomhairle a bheith ina dtuismitheoirí. Bíonn ionadaithe roinne ann, an príomhoide agus múinteoirí eile ina measc (cé nach féidir leo bheith os cionn an tríú cuid de na baill. Corruair bíonn baill den phobal ann chomh maith.

I measc chúraimí chomhairle na scoile, tá an treo ginearálta ina bhfuil an scoil ag dul agus fís na scoile a leagan amach, polasaithe scoile a fhorbairt agus a nuashonrú, agus maoirseacht ar úsáid acmhainní na scoile. Is é príomhoide na scoile príomhfheidhmeannach na scoile, agus dá bhrí sin is é nó is í atá freagrach as comhairle a chur ar an gcomhairle agus as a cuid cinntí a chur i bhfeidhm. Baineann an neamhspleáchas go háirithe le trí earnáil: airgeadas, soláthar foirne, agus áiseanna.

Socraíonn an Roinn Oideachais agus Forbairt Luath-Óige an chreatlach ina bhfeidhmíonn na scoileanna agus tugann sí treoir dóibh fúithi. Cuimsíonn an chreatlach buiséad státmhaoinithe na scoile (atá bunaithe ar thréithe na bpobal mac léinn) an struchtúr rangúcháin agus rátaí tuarastail do mhúinteoirí a bhaineann léi, polasaithe acmhainní daonna eile (leithéid bainistiú tearcfheidhmíocht foirne), treoracha don churaclam, agus riachtanais do bhainistiú airgeadais agus d'eagrú comhairlí scoile. Cabhraíonn an Roinn freisin le roghnúchán príomhoidí agus déanann monatóireacht ar thorthaí scoile. Tá ról tábhachtach ag oifigí réigiúnacha na Roinne ag cur comhairle ar scoileanna ar réimse leathan ábhar, ina measc bainistiú scoile, curaclam agus foghlaim, pleanáil lucht oibre, ceannaireacht, forbairt ghairmiúil agus folláine na mac léinn.

### An tSualainn

Roghnaíonn thart ar 17% de na daltaí ag aois bun an dara leibhéil sa tSualainn freastal ar 'saor'scoileanna príobháideacha. Bunaíodh na scoileanna seo sna 1990dí, agus tá neamhspleáchas suntasach acu maidir le rialachas. Tugadh saoirse do na saorscoileanna ó smacht an údaráis áitiúil, cumhacht a rátaí tuarastail agus coinníollacha féin a shocrú don fhoireann. Tugadh saoirse áirithe dóibh i gcur i bhfeidhm an churaclaim. Bhíothas ag súil go gcruthófaí tuilleadh speisialtóireachtaí dá thoradh seo, tuilleadh éagsúlachta agus tuilleadh solúbthachta i gcóras na scoile, agus méadú dá bharr sin ar shaoirse roghnúcháin ag tuismitheoirí.

Tá an chuid is mó de na saorscoileanna bunaithe ag soláthraithe neamhbhrabúis a úsáideann samhail ghnó le rialachas agus bainistíocht na scoile(anna) a stiúradh. Níor tháinig ann don

éagsúlacht a raibh súil léi agus is cur chuige ginearálta atá ag tromlach na saorscoileanna. Tá na saorscoileanna ag gníomhú ar imeall chóras scolaíochta na Sualainne ar an iomlán agus fanann freagracht as cúrsaí straitéiseacha a bhaineann le forbairt chóras oideachais na Sualainne ag an rialtas lárnach agus ag údaráis chathartha áitiúla. Cuirtear an fhreagracht i bhfeidhm trí ionstraimí smachta, acmhainní airgeadais, trí churaclam náisiúnta agus cigireacht (Wiborg 2010). Bhí imní faoi leibhéil ghnóthachtála in PISA bheith ag titim, agus dá bharr sin tarraingíodh siar cuid de na saoirsí a bhí ann i dtosach, go sonrach maidir le curaclam agus measúnú. Bhí an imní chomh mór gur caitheadh amhras sa tSualainn ar neamhspleáchas forleathan a scoileanna. Tuairiscíodh le gairid go ndúirt Aire Oideachais na Sualainne, Jan Bjöklund gurb ionann torthaí PISA 2012 agus "an tairne deiridh i gcónra an tseanleasaithe scoile [is é sin na saorscoileanna]" agus thuairimigh sé go bhféadfadh an rialtas lárnach freagracht na scoileanna a thabhairt as láimh ó údaráis chathartha na Sualainne. (The Guardian 03 Meán Fómhair 2013). Déanann údaráis náisiúnta agus údaráis áitiúla cigireacht ar na scoileanna uile. Aithníonn PISA go bhfuil an roghnúchán scoile ina ábhar atá ag cur le titim i leibhéil ghnóthachtála sa tSualainn. Tá ceart ag tuismitheoiri rogha a dhéanamh idir scoileanna cathartha agus scoileanna neamhspleácha, agus bhíothas ag súil go gcuirfeadh an iomaíocht le caighdeán an oideachais, ach chomh maith leis sin tharraing sé na mic léinn is fearr chuig na scoileanna céanna (OECD 2014).

Tá imní curtha in iúl ag daoine eile faoin tionchar atá ag an neamhspleáchas maidir le roghnúchán mac léinn agus le critéir iontrála. D'fhiosraigh Böhlmark et al (2007) an ndearna an méadú ar líon na scoileanna príobháideacha an deighilt ag leibhéal na scoile de réir ioncaim tuismitheoirí, oideachais agus stádas inimirce níos measa. Ba iad na torthaí a fuair siad go bhfuil claonadh ag an méadú ar scoileanna príobháideacha páistí a bhfuil leibhéil níos airde oideachais ag a dtuisimitheoirí agus nach inimircigh chéad ghlúine a tharraingt ar shiúl ó scoileanna poiblí. Tugann sé seo fios go bhfuil claonadh ag saorscoileanna na Sualainne daltaí a chlárú nach dtagann ón gcuid íochtarach den dáileadh ábaltachta.

## 4.4 Rialachas bainistiú agus éiteas scoile in Éirinn

### Comhthéacs

Tá réimse de scoileanna in Éirinn maidir le méid na scoile agus le socruithe rialachais. Tugann staitisticí don scoilbhliain 2012-2103 le fios go raibh 524,422 dalta agus 32,175 múinteoir in 3,293 bunscoil státmhaoinithe. Tá cuid mhór de na scoileanna seo beag agus tá 42% díobh a bhfuil níos lú na 100 dalta iontu. (Is é 598 an líon bunscoileanna státmhaoinithe a raibh ní ba lú ná 50 dalta acu.) Ag leibhéal iar-bhunscoile bhí 362,874 mac léinn ag 721 scoil dara leibhéal agus iad á dteagasc ag líon iomlán de 25,374 múinteoir. Bhí trí chineál scoile ar na 721 scoil dara leibhéal sin: 375 scoil dara leibhéal dheonach, 253 gairmscoil (faoin ETB) agus 93 pobalscoil agus scoil chuimsitheach.

Tríd agus tríd tá neamhspleáchas measartha ag scoileanna in Éirinn maidir le rialachas, úinéireacht agus eagrúchán. Tá córas bainistíochta scoile leagtha amach san Acht Oideachais 1998, agus córas pátrúnachta ina bhfuil béim ar cheannas áitiúil ar scolaíocht. Lena chois sin, i ngach bunscoil agus iar-bhunscoil, is iad na húinéirí nó pátrúin nó iontaobhaithe na scoile, agus ní an rialtas, a chinneann éiteas sonraithe an scoile (is é sin na luachanna agus prionsabail a chuireann sé chun cinn).

## Rialachas agus pátrúnacht

Athraíonn na rólanna atá ag iontaobhaithe, patrúin, úinéirí, boird bainistíochta agus príomhoidí faoi seach i rialachas agus i mbainistíocht scoile de bheagán thar na hearnálacha. Taobh amuigh de bheagán eisceachtaí, tá na bunscoileanna faoi úinéireacht phríobháideach. Tá siad faoi cheannas foras pátrúnachta agus faigheann siad an mhórchuid dá maoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá gach scoil á bhainistiú ar bhonn aonair ag bord bainistíochta a cheapann an foras pátrúnachta agus a aithníonn an tAire. Tá an bord comhdhéanta d'ionadaithe ó phátrún na scoile, beirt tuismitheoirí tofa, an príomhoide, múinteoir tofa amháin agus beirt ón bpobal áitiúil. Ceapann an pátrún an bord ar feadh tréimhse seasta agus is ar bhonn deonach a dhéanann baill an bhoird a seirbhís. Tá an príomhoide freagrach as bainistiú na scoile ar bhonn laethúil agus freagrach don phátrún agus don bhord.

Ag an leibhéal iar-bhunscoile, tá maoiniú poiblí ag scoileanna chomh maith, ach tá trí chineál rialachais ann. Tá na scoileanna dara leibhéal deonacha faoi úinéireacht phríobháideach. Bíonn siad á mbainistiú ag bord bainistíochta agus tá ceannas orthu ag iontaobhaithe ar pobail reiligiúnda, Easpaig nó boird gobharnóirí iad de ghnáth. Bíonn na pobalscoileanna á mbainistiú ag boird bainistíochta atá ionadaíoch ar pháirtithe leasmhara áitiúla. Coinníonn na hiontaobhaithe arb ionann iad agus pátrún na scoile, an réadmhaoin i seilbh iontaobhaithe thar cionn an Aire. Tá na gairmscoileanna agus na coláistí pobail faoi choimirce na mBord Oideachas agus Oiliúna. Tá boird bainistíochta acu arb ionann iad, ar bhonn dlíthiúil, agus fochoistí den Bhord Oideachas agus Oiliúna. Mar achoimre, maidir le rialachas agus bainistiú, is féidir a rá go bhfuil neamhspleáchas ag scoileanna go pointe áirithe.

## Bainistíocht agus reachtaíocht

Chuir an tAcht Oideachas 1998, agus reachtaíocht agus rialúchán a rinneadh ó shin, bonn agus taca faoi bhainistiú áitiúil scoileanna ag boird bainistíochta atá ionadaíoch ar thuismitheoirí, ar na patrúin a bhunaigh na scoileanna, ar mhúinteoirí agus ar an bpobal áitiúil. Ar an dóigh seo, dheimhnigh An tAcht Oideachais 1998 as an nua go raibh leibhéal ard de cheannas áitiúil ar scoileanna aonair. Chuir an tAcht bonn agus taca chomh maith faoi chearta agus faoi ról na bpátrún scoile chun scoileanna a bhunú agus a bhainistiú - patrúin leithéid na n-eaglaisí sainchreidimh agus eagraíochta príobháideacha leithéid *Educate Together*, An Foras Pátrúnachta agus iontaobhais oideachasúla. (Feidhmíonn na forais seo ar bhealaí atá inchurtha leis an ról a bhíonn ag na hiontaobhais urraíochta i Saorscoileanna i Sasana).

Ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile araon, tá dualgas ar bhoird bainistíochta a chinntiú go bhfaigheann gach mac léinn sa scoil soláthar oideachais cuí (alt 15 (1), Acht Oideachais 1998). De bhreis air sin, tá dualgas orthu dhul i gcomhairle leis an bpátrún agus an pátrún a choinneáil ar an eolas faoina gcinntí agus moltaí (alt 15 (2)(c)).

Cuireann an reachtaíocht freagracht ar an aire as an bpolasaí oideachais náisiúnta agus go sonrach as polasaí curaclaim, as rialúcháin a dhéanamh maidir le ceapacháin agus le cáilíochtaí múinteoirí; as measúnú agus as cigireacht scoileanna; agus as an gcreatlach polasaí ina bhfeidhmíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta. Mar sin féin, agus mar atá sonraithe san Acht Oideachais 1998, ní féidir leis an aire a c(h)umhachtaí a fheidhmiú ach i ndiaidh comhairliúchán leis na príomhpháirtithe leasmhara sa chóras, na heagraíochtaí bainistíochta

scoile náisiúnta, na buíonta tuismitheoirí náisiúnta, na comhlachais náisiúnta príomhoidí agus ceardchumainn na múinteoirí ina measc.

Is beag infheistiú a rinne an Stát le seal blianta i bhforbairt chórasach ar scileanna gairmiúla na gceannairí scoile in Éirinn, agus tá tionchar ag an easnamh sin ar chumas na gceannairí scoile tacar scileanna agus rólanna níos leithne a thabhairt as láimh. Srian eile ar chumas ginearálta na gceannairí scoile is ea líon níos airde ná mar is gnách de cheannairí scoile a bhfuil taithí fhada acu an ghairm a fhágáil ina ndiaidh le blianta beaga anuas.

Ar an iomlán, tá socruithe rialúcháin le haghaidh scoileanna na hÉireann níos laige ná a bheadh riachtanach le bonn is taca a chur faoi chóras scoile neamhspleách a bhfuil castacht ag baint leis. Tá tacar rialúchán reatha a bhfuil rochtain réidh orthu in easnamh, agus tá cuid de na rialúcháin as dáta.

### Éiteas, pátrúnacht agus reachtaíocht

I ngach bunscoil agus iar-bhunscoil, is iad na húinéirí nó pátrúin/iontaobhaithe, agus ní an rialtas, a chinneann éiteas sonraithe na scoile (nó a spiorad sainiúil mar a thugtar air sa reachtaíocht). Níl neamhspleáchas ag leibhéal an bhoird scoile an phríomhoide ná na múinteoirí maidir le héiteas. Go deimhin is dualgas sonrach de chuid an bhoird seasamh le spiorad sainiúil na scoile agus bheith freagrach don phátrún as sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, de réir aonad  na hanailíse, is féidir a rá go bhfuil neamhspleáchas iomlán ag an scoil maidir le héiteas, nó neamhspleáchas páirteach más í an scoil aonair aonad na hanailíse agus í ag gníomhú taobh istigh d'éiteas ar leith.

Faoi mar a sonraíodh thuas, is é an stat den chuid is mó a shocraíonn rialacha oibriúcháin na scoileanna, ach is féidir tionchar a bheith ag an éiteas atá ag na hiontaobhaithe/pátrúin ar an dóigh a gcuirtear na rialacha oibriúcháin sin i bhfeidhm. Mar shampla, is féidir le bunscoil sainchreidimh cinneadh ar ábhar a churaclaim oideachais reiligiúnda ar bhonn éiteas reiligiúnda na scoile. Tá sé tábhachtach tabhairt d'aire gur réimse é roghnú éitis in Éirinn ina bhfuil neamhspleáchas measartha mór. Níl bac reachtúil nó go deimhin bacanna eile ar dhuine nó ar ghrúpa daoine scoil a chruthú agus aitheantas a lorg ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tharla forbairtí le gairid atá ag cur leis an daonlathú i bpátrúnacht scoileanna. In 2011 rinne an tAire Oideachais agus Scileanna clár comhairliúcháin le tuismitheoirí, agus bhí tionchar díreach ag a dtuairimí ar an gcineál socruithe a rinneadh don phátrúnacht agus don éiteas a bheadh dá bharr sin ar scoileanna ina gceantair áitiúla. Tá obair ar bun faoi láthair ag athmhúnlú an tsoláthair bhunscolaíochta agus ag soláthar tuilleadh éagsúlachta i bpátrúnacht scoileanna. Cuireann an obair seo san áireamh moltaí an "Report of the Forum on Patronage and Pluralism in the Primary Sector"(Coolahan et al, 2012). Tá béim níos mó anois sa phróiseas ina ndéantar pátrúin scoileanna a roghnú agus a cheapadh ar dhearcadh na dtuismitheoirí agus an phobail áitiúil chomh maith leis na scoileanna iad féin.

Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ar chur le héagsúlacht i bpátrúnacht scoile, tá tuilleadh le déanamh. Ba thábhachtach béim a choinneáil ar phróifíl na pátrúnachta scoile a athchóiriú chun go mbeidh aitheantas inti d'éagsúlacht na bpobal agus mianta na dtuismitheoirí agus na bpáirtithe leasmhara eile.

In 2014 d'fhoilsigh an Roinn an páipéar *Forum on Patronage and Pluralism in the Primary Sector – Progress to Date and Future Directions*. (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2014). Shonraigh an páipéar seo samplaí dea-chleachtais ar mhaithe le treoir agus misneach a thabhairt do gach scoil a bheith uileghabhálach agus fáilte a chur roimh gach dalta ó chúlraí éagsúla. Aithníonn an páipéar nach "tomhas amháin a oireann do chách" agus scoileanna ag iarraidh a chinntiú go bhfuil siad uileghabhálach agus fáilteach. Taobhaíonn an páipéar le húdaráis na scoileanna a gcuid neamhspleáchais a úsáid le haghaidh a thabhairt ar na cúrsaí seo ar bhealach a aithníonn comhthéacs éagsúil gach scoile ar leith. Ach aire mhaith a thabhairt do na cúrsaí seo, is féidir leis an scoil páirt mhór a bheith aici ina chinntiú go léireoidh na scoileanna éagsúlacht a gcuid pobal agus tuairimí a gcuid tuismitheoirí agus an mhórphobail.

**Fostú Múinteoirí**

Tá neamhspleáchas suntasach ag scoileanna maidir le hearcaíocht múinteoirí, cé go bhfuil an roghnú sin srianta ag riachtanais a thagann ó shocruithe náisiúnta d'athlonnú foirne. Tá neamhspleáchas áirithe acu chomh maith múinteoirí a aistriú chun riar ar riachtanais churaclaim agus ar riachtanais eile. Cé nach é an bord a íocann tuarastal múinteoirí, is iad de réir an dlí (nó an ETB i gcás scoileanna faoi na boird oideachais agus oiliúna) fostaitheoirí na múinteoirí ina gcuid scoileanna. Faoin Acht Oideachais 1998 agus faoin Acht (Leasú) 2012, tá neamhspleáchas suntasach ag scoileanna pearsanra a smachtú agus fiú a dhífhostú.

Ní ag leibhéal na scoile an bhoird, ná an phatrúin/iontaobhaí a chinntear ar théarmaí agus coinníollacha múinteoirí ach ag leibhéal an rialtais lárnaigh. Dá bhrí sin, i gcomhthéacs na hÉireann, níl aon neamhspleáchas ag an scoil maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta múinteoirí. Níl rogha ag scoileanna maidir leis an líon post múinteoireachta, nó déantar iad seo a leithdháileadh go lárnach faoi réir pholasaí an Rialtais, seachas na múinteoirí breise a d'fhostódh scoil ar bhonn príobháideach. Tá rochtain ar phoist freagrachta i scoil á rialú ag ciorclán.

## 4.5 Clár an Rialtais

Tá aidhm ag Clár an Rialtais 2011 – 2016 , taobh istigh den chreatlach reachtaíochta reatha, méadú a dhéanamh ar an neamhspleáchas atá ag scoileanna faoi láthair maidir lena rialachas, a mbainistíocht agus a n-éiteas. Molann sé go mbeidh

- Guth níos mó ag tuismitheoirí agus ag pobail áitiúla i bpátrúnacht scoileanna
- Tuilleadh neamhspleáchais ag scoileanna a riachtanais foirne a shocrú
- Tuilleadh saoirse ag príomhoidí agus ag boird an fhoireann a leithdháileadh agus a bhainistiú.

## 4.6 Dul chun cinn agus forbairtí

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis na gealltanais i gClár an Rialtais neamhspleáchas ar rialachas, bainistiú agus éiteas a mhéadú.

An Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas

De barr forbairtí a tharla ar na mallaibh, tá méadú ar an ról atá ag tuairimí tuismitheoirí agus pobal i múnlú na socruithe pátrúnachta do scoileanna agus an t-éiteas a eascraíonn uathu ina gceantair áitiúla. Tugadh isteach próisis a thabharfaidh guth suntasach do thuismitheoirí i gcinntí faoi phátrúnacht scoile agus a ligfidh dóibh a mianta a chur in iúl maidir le hathruithe i bpátrúnacht agus in éiteas na scoileanna atá ann cheana féin. In 2011, bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna grúpa saineolaithe chun comhairliúchán a dhéanamh le daoine aonair agus grúpaí sainspéise agus chun moltaí a dhéanamh conas ar féidir bunscoileanna a bheith níos uileghabhálaí. Chuir an grúpa saineolaithe moltaí chun tosaigh maidir le hathmhúnlú an tsoláthair bhunscoileanna sa dóigh is go mbeidh líon agus réimse bunscoileanna ann atá mór go leor le riar ar gach reiligiún agus ar dhaoine gan reiligiún. (*Report of the Advisory Group to the Forum on Patrononage and Pluralism in the Primary Sector 2012*). Chuathas i dteagmháil le tuisimitheoirí ag an leibhéal áitiúil chun a dtuairimí a fháil ar an gcineál soláthair oideachais ba mhian leo.

Cairt Tuismitheoirí agus Mac Léinn

Tá rún ag an Aire Alt 28 den Acht Oideachas 1998 a leasú le bonn dlíthiúil a sholáthar ar ar féidir Cairt Tuismitheoirí agus Mac Léinn a fhorbairt agus prionsabail a leagan amach lena dtreorófar, i measc nithe eile, an dóigh ar féidir forbairt a dhéanamh ar an gcoibhneas idir tuismitheoirí agus scoileanna.

Féinmheasúnú scoileanna

Ó cuireadh tús ar fhéinmheasúnú scoile in 2012, tá meicníocht i bhfeidhm ar féidir leis a chinntiú go bhfaighidh tuismitheoirí tuairiscí bliantúla ar oibríocht scoil a bpáiste. Is léir ón taithí i dtús fheidhmíocht an fhéinmheasúnuithe go bhfuil soláthar na tuairisce bliantúla ina dhúshlán ag scoileanna. Mar sin féin, tá ceart ag tuismitheoir eolas a fháil go tráthrialta agus ag leibhéal ginearálta ar na príomhchúrsaí a bhaineann le héifeachtacht an oideachais atá an scoil a sholáthar, agus is féidir leis an scoil a dualgas a chomhlíonadh trína chinntiú go mbíonn páirt fhiúntach ag tuismitheoirí sa phróiseas féinmheasúnaithe, agus trí thuairiscí a sholáthar dóibh.

Soláthar Foirne

Tá moltaí curtha chun tosaigh ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) a léiríonn gluaiseacht i dtreo chuspóir an Chláir Rialtais go ndéanfadh scoileanna a riachtanais foirne féin a shocrú. Tá moltaí NSCE á dtriail ar bhonn píolótach in 47 scoil faoi láthair. De réir na comhairle polasaí seo, ba chóir tacaíocht teanga, tacaíocht foghlama agus uaireanta acmhainní teagaisc a chur in aon phota de phoist oideachais riachtanas speisialta (SEN), agus tríd sin rogha níos leithne a thabhairt do scoileanna conas a riarfaidh siad ar riachtanais a gcuid mac léinn.

## 4.7 Méadú neamhspleáchais ar rialachas scoile, bainistiú agus éiteas

Tá eilimintí de na forbairtí reatha polasaí agus feidhmíochta arbh fhéidir leo neamhspleáchas scoile a chur chun cinn. Ina measc, mar shampla, tá na heilimintí a leanas:

Éiteas agus pátrúnacht

Dá mbeadh ardán teicniúil nó eile ann a ligfeadh tuairimí faoi phátrúnacht scoile a chruinniú agus a ghinfeadh sonraí faoi riachtanais áitiúla ag leibhéal náisiúnta, d'fhéadfadh sé cabhrú le polasaí náisiúnta a fhorbairt agus le treochtaí a léiriú de réir mar a athraíonn siad le himeacht aimsire.

Cairt Tuismitheoirí agus Mac Léinn

Tá acmhainneacht ag an gCairt Tuismitheoirí agus Mac Léinn tacú le tuilleadh neamhspleáchais scoile trí shonrú, i measc nithe eile, conas ar féidir an caidreamh áitiúil idir tuismitheoirí agus scoileanna a fhorbairt. Chabhródh a leithéid de chairt friotal foirmiúil a chur ar shúilíochtaí maidir leis an dóigh a dtuairiscíonn scoil do thuismitheoirí faoi chaighdeán an tsoláthair oideachasúil atá ar fáil ag a bpáistí, agus na súilíochtaí sin a chraobhscaoileadh.

**Rannpháirtíocht tuismitheoirí ar bhoird bhainistíochta**

Is cóir machnamh ar níos mó rannpháirtíochta tuismitheoirí ar bhoird bhainistíochta. Mhéadódh seo diaidh ar ndiaidh cumas tuismitheoirí cuidiú ar bhealach a bhfuil níos mó brí ag baint leis le bainistiú scoile. Tá míbhuntáistí ag baint leis an rogha seo, ach: tá sé deacair cheana féin a chinntiú go nglacfaidh dhá thuismitheoirí leis an deis freastal ar bhoird bhainistíochta, agus fiú má chuirtear i bhfeidhm é, ní ráthaíocht é níos mó tuismitheoirí a bheith ar an mbord go mbeidh oscailteacht agus cuimsitheacht ag leibhéal na bainistíocht scoile, agus ar na torthaí a d'fhéadfadh bheith air tá boird scoilte agus moilleanna dá réir sa chinnteoireacht.

**Ballóidí tuismitheoirí**

Rogha eile is féidir breathnú air is ea an chumhacht a thabhairt do thuismitheoirí ballóidí a thionscnamh a d'éileodh ar bhoird bhainistíochta plé lena n-ábhair imní. Thabharfadh seo aitheantas foirmiúil sa chóras scoile do thuismitheoirí mar phríomhoideachasóirí a leanaí. Dhéanfadh sé tuismitheoirí a chumhachtú chun a chinntiú ar bhealach níos dírí conas a bhainistítear scoil agus forbairt pholasaí na scoile a chinntiú ar bhealach níos dírí. Ach níl cumas baill cumann tuismitheoirí an ceart seo a fheidhmiú bunaithe agus is míbhuntáiste mór é seo i dtaca leis an rogha seo.

**Fostaíocht/imscaradh múinteoirí**

Is cóir don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Rialtas a machnamh a dhéanamh go cúramach ar chur chuige diaidh ar ndiaidh maidir le neamhspleáchas scoileanna i dtaca le himscaradh múinteoirí: Ag cur le comhairle polasaí na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta maidir le soláthar aon tacair post chun riar ar riachtanais RSO agus torthaí na scéime píolóta reatha maidir leis an múnla leithroinnte seo, is cóir machnamh ar phleanáil le haghaidh bogadh ar aghaidh ar an gcontanam seo. D'fhéadfadh sé gurb é an chéad chéim eile machnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht aon tacar post a bhronnadh ar scoileanna DEIS, a chónaiscfeadh na poist a bhaineann go sonrach le DEIS le poist a bhaineann go sonrach le RSO. Bheadh rogha ag scoileanna DEIS ansin na poist leithroinnte a imscaradh ansin de réir riachtanais agus tosaíochtaí aitheanta scoile.

Ag céim níos faide anonn, i bhfianaise measúnú thar am ar cé chomh rathúil agus a chuidigh na hathruithe seo le caighdeáin torthaí do dhaltaí i scoileanna, rogha fhéideartha eile le machnamh a dhéanamh uirthi is ea socrú comhchosúil a leathnú go gach uile scoil nó go sampla scoileanna atá an-éifeachtach. D'fhéadfadh scoileanna leithroinnt ghinearálta foirne agus tacaíochta a fháil le solúbthacht ag dul leis maidir le méid ranganna agus eagrú daltaí le haghaidh gníomhaíochtaí foghlama de réir treoir Roinne. D'fhéadfaí seo a dhéanamh san áit ar taispeánadh go bhfuil cumas ann le seo a bhainistiú go héifeachtach trí, mar shampla, próisis féinmheasúnaithe na scoile agus trí chigireacht.

Ar deireadh, is féidir machnamh a dhéanamh ar neamhspleáchas a thabhairt do scoileanna maidir le comhdhéanamh acmhainní breise foirne a bhronntar ar an scoil ar mhaithe le cuspóirí lena n-áirítear tacú le riachtanais speisialta oideachais agus tionscnaimh DEIS. Mar shampla, laistigh den phunann acmhainní foirne ar fáil le tacú le riachtanais speisialta oideachais, d'fhéadfaí an neamhspleáchas a thabhairt do scoileanna a shocrú arbh fhéidir riar ar an mbealach is fearr ar riachtanais a ndaltaí trí mhúinteoirí breise nó SNAanna breise.

Bheadh bearta mar seo ag teacht, is léir, le tiomantas an Chláir Rialtais i leith cleachtais oibre a chomhoiriúnú le riachtanais áitiúla foirne agus custaiméara (lch. 3) agus ag an am céanna scoileanna a chumasú le seirbhísí a fháil atá níos oiriúnaí le riar ar riachtanais a ndaltaí (lch. 2).

## 4.8 Breithnithe cuntasaíochta

Tugtar le fios sa litríocht taighde mura bhfuil meicníochtaí maithe cuntasaíochta ann, is féidir níos mó neamhspleáchais bheith díobhálach d'fheidhmíocht daltaí (Haneshek, Link, agus Wößmann 2011).

- Maidir lena rialachas, bainistíocht agus éiteas, caithfidh scoileanna cloí le roinnt meicníochtaí cuntasachta. Spreagtar do phátrúin boird bhainistíochta a chur ar bun de réir rialúcháin Roinne[1] agus d'fhéadfadh eagraíocht phátrúnacht éileamh ar bhoird bhainistíochta tuairisciú ar a rialachas ar an scoil agus conas a sheas siad le sainspiorad na scoile
- Le féinmheasúnú scoileanna tugtha isteach, tá meicníocht i bhfeidhm anois an bhfuil de chumas ann a chinntiú go bhfaigheann tuismitheoirí tuairisc bhliantúil ar fheidhmiú na scoile. Sa chéim inar rolladh amach féinmheas scoileanna, tá na riachtanais tuairiscithe teoranta agus srianta d'aon turas le tráchtaireacht a dhéanamh ar fheabhsuithe sa mhúineadh agus san fhoghlaim agus comhlíontacht le bonnrialáil.

[1] Spreagann an tAcht Oideachais, 1998, pátrúin boird bhainistíochta a bhunú do gach scoil aitheanta "sa chás gur féidir". I bhformhór mór cásanna, tá scoileanna á mbainistiú ag bord bainistíochta atá curtha ar bun ag an bpátrún, ach i roinnt bheag cásanna tá struchtúir bhainistíochta a bhí ann roimh Acht 1998 fós freagrach as rialachas na scoileanna. I gcás scoileanna nua-mhaoinithe, éilítear ar an bpátrún bord bainistíochta a chur ar bun mar choinníoll aitheantais.

Thar am, tá an fhéidearthacht ag féinmheasúnú scoileanna éileamh níos troime a chur ar bhord na scoile cuntas a thabhairt ar a rialachas ar an scoil.

- Meicníocht chuntasachta eile maidir le cuntasacht agus bainistíocht is ea cigireacht ar scoileanna. Cheana féin, scrúdaíonn cigireachtaí ar scoil iomlán oibríochtaí bord bainistíochta agus ceannasaíocht an phríomhoide laistigh de réimse freagrachtaí reatha. Is cóir go mbeadh aon dul chun cinn maidir le neamhspleáchas scoileanna maidir le himscaradh acmhainní múinteoireachta breise (lena n-áirítear acmhainní a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais, mar a mhol an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta nó na hacmhainní a thugtar do scoileanna DEIS) nasctha le riachtanais shonracha cuntasachta, lena n-áirítear níos mó bearta cigireachta. D'fhéadfadh siad seo a éileamh ar an scoil a léiriú do chigirí go bhfuil ag éirí léi an riachtanas a chomhlíonadh tacaíocht ar ardchaighdeán a chur ar fáil do riachtanais speisialta oideachais nó acmhainní DEIS a úsáid go héifeachtach, agus d'fhéadfadh na tuairiscí a fhoilsítear dá thoradh cur síos ar leibhéil shonracha feidhmíochta

- Beidh dúshláin ann ag leibhéal na scoile agus ag leibhéal an chórais a bhogtar i dtreo níos mó cuntasachta. Tá teorainneacha ar an rannpháirtíocht is féidir bheith ag dréim leis ó scoileanna agus a bpríomhoidí agus a bhfoirne i bpróisis chuntasachta ag am ina bhfuil athrú ag tarlú ar luas méadaitheach

- Eascraíonn dúshlán eile ag leibhéal na scoil ón ngá le scoileanna na hinniúlachtaí a thacaíonn le meicníochtaí láidre cuntasachta a fhorbairt. Ag an leibhéal rialachais, is saorálaithe den chuid is mó atá ar bhoird bhainistíochta, agus níl aon urrús ann go mbeidh an tacar scileanna riachtanach ag an mbord chun meicníochtaí cuntasachta a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, go háirithe i réimsí mar airgeadas agus buiséadú.

- Maidir le teacht ar fhoinsí ag leibhéal an chórais, teastaíonn foinsí go pointe éigin ar gach athrú. Dá mbeifí le córais agus próisis nua chuntasachta a thabhairt isteach bheadh gá leis an Roinn infheistiú i gcláir thacaíochtaí agus i bhfoinsí tacaíochta. Léirítear sa litríocht gurb éifeachtaí iad seo nuair a chuimsíonn siad leibhéal ard tacaíochta do scoileanna. Tá tacaíocht mar seo an-dian ar acmhainní, go háirithe i gcomhthéacs na hÉireann mar a bhfuil líon ard scoileanna beaga.

## 4.9 Roghanna le breithniú: rialachas, bainistíocht agus éiteas scoile

Chun aidhmeanna an Chláir Rialtais a chur chun cinn a thuilleadh maidir le neamhspleáchas a mhéadú maidir le rialachas, bainistíocht agus éiteas scoile, is cóir machnamh a dhéanamh ar na roghanna a gcuirtear síos orthu thíos anseo.

**1. Éiteas**

D’fhéadfadh an obair atá ar siúl faoi láthair maidir le soláthar bunscoileanna a athmhúnlú agus níos mó éagsúlachta i bpátrúnacht scoileanna a chur ar fáil leanúint ar aghaidh ionas go mbainfear amach líon agus réimse bunscoileanna atá éagsúil go leor.

**2. Rialachas**

- D’fhéadfadh an Chairt Tuismitheoirí agus Daltaí atá á forbairt faoi láthair a shonrú conas a d’fhéadfaí an caidreamh áitiúil idir tuismitheoirí agus scoileanna a fhorbairt. D’fhéadfadh sé súilíochtaí a leagan amach maidir le:
  - conas a thuairiscíonn scoil do thuismitheoirí faoi chaighdeán an tsoláthair oideachais atá ar fáil dá leanaí agus, maidir lena leanbh, an cineál eolais faoina mbaineann a leanbh amach, faoina ndul chun cinn agus faoi dhúshláin is cóir a chur ar fáil
  - Is féidir tuismitheoirí a éascú chun bheith ina rannpháirtithe i mbainistíocht scoileanna agus leibhéal cuí oiliúna agus tacaíochta a fháil (le comhaltaí boird eile) nuair a ghlacann siad páirt i mboird scoileanna nó i struchtúir bhainistíochta eile scoile
  - Cuirfear in iúl do thuismitheoirí ar bhonn rialta faoi na príomhcheisteanna a bhaineann le héifeachtacht an oideachais atá á chur ar fáil ag an scoil
  - is féidir le tuismitheoirí páirt bhríoch a bheith acu i bpróisis féinmheasúnaithe scoile agus tráchtaireacht a dhéanamh don scoil ar chaighdeán obair na scoile

**3. Fostaíocht/imscaradh múinteoirí**

- Is cóir machnamh a dhéanamh go cúramach ar neamhspleáchas scoileanna a mhéadú i dtaca le himscaradh múinteoirí:
  - Mar chéad chéim agus tar éis na scéime píolótaí, d’fhéadfaí feidhmiú moltaí ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta maidir le cruthú aon tacar post a bhaineann le riachtanais oideachais speisialta i scoileanna, ag tabhairt rogha níos mó do scoileanna maidir leis an mbealach is fearr riar ar riachtanais a ndaltaí, a leathnú amach chuig gach scoil
  - Má chuirtear an chéad chéim seo i bhfeidhm go rathúil, d’fhéadfaí machnamh a dhéanamh, in am trátha, ar an gcleachtas a leathnú amach chun aon tacar post a chruthú le bronnadh ar scoileanna DEIS, leis an rogha na poist sin a imscaradh de réir riachtanais agus tosaíochtaí aitheanta scoile
  - Ag céim níos faide anonn, i bhfianaise measúnú thar am ar cé chomh rathúil agus a chuidigh na hathruithe seo le caighdeáin torthaí do dhaltaí i scoileanna, rogha fhéideartha eile le machnamh a dhéanamh uirthi is ea socrú comhchosúil a leathnú go gach uile scoil nó go sampla scoileanna atá an-éifeachtach.

**4. Cuntasacht**

Dá ndílárófaí cinnteoireacht chuig scoileanna chruthófaí gá níos mó le measúnú scoileanna, ceannairí scoileanna agus múinteoirí. Is cóir machnamh ar a leanas:

- An obair atá ar siúl faoi láthair a bhaineann le próisis láidre féinmheasúnaithe scoile a chur ar bun a thabhairt chun cinn. Léiríonn taighde i dtíortha eile gurb éifeachtaí féinmheasúnú scoile nuair a dhírítear é go príomha ar an múineadh agus ar an bhfoghlaim a fheabhsú seachas nuair a úsáidtear é mar bheart cuntasachta. Ar an gcúis seo, dírítear polasaí reatha ar scoileanna a chumasú féinmheasúnú scoile a úsáid chun feabhsú inmheánach a thiomáint chun cinn. Faoi shocruithe reatha féinmheasúnaithe, iarrtar ar scoileanna tuairiscí achoimre bliantúla a chur ar fáil do thuismitheoirí ar a dtosaíochtaí feabhsaithe agus ar a ndul chun cinn. Go dtí seo, tá tuairiscí mar seo curtha ar fáil ag breis agus 60% de scoileanna, dá mboird bhainistíochta ar a laghad, agus a lán scoileanna á gcur ar fáil go díreach dá gCumainn Tuismitheoirí. Tugann taithí idirnáisiúnta le fios go bhfuil sé fritorthúil a éileamh ar scoileanna a dtuairiscí féinmheasúnaithe inmheánacha, nó d'fhéadfadh sé bac a chur ar an gcritic inmheánach riachtanach sa scoil. Ach níl aon chúis nár chóir go mbeadh ar scoileanna tuairisciú ar líon socraithe ceisteanna, lena n-áirítear a gcomhlíontacht le rialúcháin agus achoimre ghairid ar a dtosaíochtaí feabhsaithe. De réir mar a shocraíonn féinmheasúnú isteach i scoileanna beifear in ann an réimse ceisteanna is gá tuairisciú orthu agus an leibhéal sonraí a mbeifear ag súil leis i dtuairiscí féinmheasúnaithe agus i bpleananna feabhsaithe scoileanna a leathnú
- An clár athchóirithe cigireachta seachtraí scoileanna a thabhairt chun cinn, ag feabhsú a thuilleadh an tuairiscithe ar leibhéil feidhmíochta scoileanna ar roinnt critéar
- Bearta a thionscnamh agus a mhaoiniú le scileanna ceannairí scoile (boird agus príomhoidí) a fheabhsú chun soláthar oideachais a bhainistiú agus a eagrú go héifeachtach sa scoil agus i gcomhthéacs ina bhfuil imscaradh foirne níos solúbtha.

**5. Reachtaíocht agus rialáil**

- Dearbhaíonn an tAcht Oideachais leibhéal ard neamhspleáchais áitiúil maidir le scoileanna agus tá roinnt athruithe sa chreat reachtaíochta curtha in iúl cheana féin. (Áirítear orthu seo leasú ar Alt 28 den Acht Oideachais chun soláthar a dhéanamh le haghaidh Cairte Tuismitheoirí, Foghlaimeoirí agus Scoileanna – féach thíos).
- Tá socruithe rialála níos laige faoi láthair ná mar atá ag teastáil chun tacú leis an gcastacht a bhaineann le córas scoileanna neamhspleách, agus tá roinnt rialúchán as dáta. Bheadh **athchóiriú rialála scoileanna** ag teastáil chun gnéithe de bhainistíocht scoileanna a chur ar bhonn gairmiúil agus leis na meicníochtaí cuí a chur ar bun le haghaidh cinnteoireacht tharmligthe agus cuntasacht láidir.

# 5. Curaclam, oideolaíocht agus measúnú: Roghanna le breithniú

## 5.1 Sainmhíniú ar neamhspleáchas maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú

Is féidir neamhspleáchas a thabhairt ar scoileanna maidir le hinneachar an churaclaim a mhúineann siad (mar shampla, cé acu a mhúintear ábhar scoite nó téamaí comhtháite; rogha na n-ábhar le múineadh; an t-am a thugtar d'ábhair aonair; agus an t-eolas agus na scileanna atá le forbairt laistigh de réimsí curaclaim). Féadfaidh neamhspleáchas bheith ag scoileanna chun na cuir chuige, na modheolaíochtaí agus na hacmhainní múinte a úsáidfidh siad a shocrú agus chun aon chineál measúnaithe ar dhaltaí a shocrú agus a dhéanamh.

## 5.2 Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le neamhspleáchas breise maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú

I measc argóintí ar son agus in éadan neamhspleáchas breise do scoileanna maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú tá a leanas:

- Is fearr an t-eolas atá ag scoileanna aonair ar riachtanais a ndaltaí agus féadann siad cinntí níos fearr a dhéanamh maidir leis an gcuraclam a chuireann siad ar fáil do dhaltaí
    - Iad siúd a chuireann neamhspleáchas scoileanna chun cinn, is minic a dhéanann siad dílárú cinnteoireachta maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú, agus soláthar foirne chuig scoileanna a cheangal le torthaí foghlama feabhsaithe do dhaltaí ar an mbonn gur fearr atá a fhios acu siúd is gaire do scoileanna conas is fearr riar ar riachtanais daltaí

- Is fusa is féidir scoileanna a bhfuil ag teip orthu a fheabhsú má tá níos mó solúbthachta ag scoileanna maidir le curaclam.
    - Cuirtear argóintí chun tosaigh go bhfeabhsóidh scoileanna a bhfuil deacrachtaí acu má tá an tsolúbthacht acu athruithe riachtanacha a dhéanamh ar a soláthar foirne agus ar a gcuraclam

- Má thugtar neamhspleáchas do scoileanna maidir le curaclam agus oideolaíocht cothaíonn sin nuálaíocht
    - Is minic a iad seo a thacaíonn leis an neamhspleáchas curaclaim agus oideolaíochta den tuairim go gcothaíonn sé nuálaíocht, cruthaitheacht agus athrú agus gur mórghné den rath é i gcuid de na córais oideachais is fearr ar an domhan
    - Tá roinnt cleachtas atá éifeachtach ag ardú gnóthú daltaí aitheanta ag roinnt taighde, a thagann cuid mhór ó scoileanna Cairte sna Stáit Aontaithe.

- Tá fianaise ann go bhfuil scoileanna atá níos neamhspleáiche níos roghnaithí i dtaca lena n-iontógáil daltaí ach nach léiríonn siad aon fhianaise ar thorthaí feabhsaithe daltaí
  - Maíonn Gibbons agus Silva (2011), mar shampla, cé go bhfuil claonadh i scoileanna níos neamhspleáiche daltaí a thógáil isteach a bhfuil cúlra acu a thugann buntáiste oideachais dóibh, níl aon bhuntáistí soiléire feidhmíochta ó struchtúir neamhspleácha, is cuma faoi chúlra na ndaltaí
  - Tá torthaí neamhleanúna léirithe ag taighde bunaithe ar scoileanna cairte sna Stáit Aontaithe maidir le caighdeáin oideachais a fheabhsú. Tá tátal bainte amach ag Toma agus Zimmer (2012) go bhfuil an litríocht reatha neamhchonclúideach maidir leis an tionchar comhiomlán atá ag scoileanna cairte ar ghnóthú daltaí.

- Tá an fhianaise ar thionchair thairbheacha neamhspleáchas scoileanna ar nithe ar nós curaclaim, oideolaíochta nó measúnú teoranta
  - Faigheann Gibbons et al. (2006) amach go bhfreagraíonn bunscoileanna le rialachas neamhspleách ar níos mó iomaíochta le scoileanna áitiúla eile trí ghnóthachtáil a ndaltaí a ardú agus go bhfuil an tionchar píosa níos mó do dhaltaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste. Cé go bhfuil sonraí tearc, cuireann seo le fios go bhféadfadh daltaí ar chumas níos ísle tairbhe a bhaint as bheith ag staidéar ag scoileanna atá níos neamhspleáiche nuair a chaithfidh siad seo bheith in iomaíocht le hinstitiúidí áitiúla eile.
  - Cé go bhfuil an taighde fós le nasc cinnte a chinntiú, tá sé nótáilte ag roinnt tráchtairí ar chóras oideachais na Sualainne an bhaint idir bearta sa tír sin i dtreo neamhspleáchas scoileanna agus meath suntasach i dtorthaí daltaí ansin in PISA.
  - Tá léirithe ag fianaise ó obair Chomhairle Taighde Oideachais na Nua-Shéalainne nach féidir leo aon mhórghnóthuithe ar fud an chórais i bhfeidhmíocht nó i bhfoghlaim daltaí, i gcuir chuige nua i leith na foghlama, nó i gcothromaíocht bhreise deiseanna oideachais a d’eascair go soiléir ó neamhspleáchas scoileanna sa tír sin.

- Féadann roinnt tosca tionchar a imirt ar cé acu atá nó níl scoil ag a bhfuil neamhspleáchas maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú ina scoil rathúil. D’fhéadfadh na tosca seo bheith níos tábhachtaí ná neamhspleáchas na scoile *per se*. (Victorian Competition and Efficiency Commission 2013). Ina measc tá:
  - scileanna ceannaireachta teagascacha an phríomhoide
  - cáilíochtaí múinteoirí
  - an méid a ghlacann múinteoirí páirt i bhforbairt ghairmiúil leanúnach
  - na meicníochtaí cuntasachta atá i bhfeidhm (ar a n-áirítear na meicníochtaí le tuairisciú do thuismitheoirí agus le heolas a fhoilsiú ar éifeachtacht na scoile).

## 5.3 Neamhspleáchas maidir le Curaclam, oideolaíocht agus measúnú i ndlínsí eile

### An Ríocht Aontaithe

Tá Acadaimh agus Saorscoileanna sa Ríocht Aontaithe cothaithe ag an stát ach reáchtáiltear iad go neamhspleách. Cuirtear ar bun iad le cuidiú ó urraitheoirí seachtracha. Tá siad saor ó rialú údaráis áitiúil agus tá a lán neamhspleáchais acu maidir le conas a sholáthraíonn siad an curaclam. Ach caithfidh siad:

- Béarla, mata agus eolaíocht a chur san áireamh
- Oideachas Reiligiúnach a chur san áireamh, ach braithfidh a chineál seo ar cé acu atá nó nach bhfuil sonrú creidimh ag an scoil
- rochtain a chinntiú ar chomhairle gairmthreorach neamhspleách, neamhchlaonta do dhaltaí i mblianta 9-11
- oideachas ar ghnéas agus ar chaidreamh (SRE) a chur san áireamh. (Foinse: http://www.education.gov.uk/schools/leadership/typesofschools/academies/open/b00219097/academyfactsheets/academycurriculumfactsheet)

Spreagtar acadaimh le curaclam a fhorbairt a riarann ar riachtanais na ndaltaí aonair sa scoil (Eurydice, 2007). Ar na mallaibh sa Ríocht Aontaithe, áfach, bhí díospóireacht pholaitiúil ann maidir le ar chóir iallach a chur ar acadaimh agus saorscoileanna múineadh ón gcuraclam náisiúnta. Cé go bhfuil saoirse ag acadaimh agus saorscoileanna Curaclam Náisiúnta na Ríochta Aontaithe a oiriúnú dá scoileanna, is minic a phléitear an bhfuil tairbhe dáiríre ag baint le toradh an oiriúnaithe, nó d'fhéadfadh eispéireas na ndaltaí ar an gcuraclam a shrianadh dá bharr. I mí an Mheithimh 2014, mar shampla, mhol ceannasaí Ofsted, Michael Wilshaw, gur chóir do rialtas RA i bhfad níos mór soiléireachta a thabhairt do gach scoil, acadaimh agus saorscoileanna san áireamh, maidir le cad ba chóir a theagasc i gcuraclam leathan cothromaithe (The Guardian, an 10 Meitheamh 2014).

Mar an gcéanna, níl sé soiléir ar chor ar bith gur gá go mbíonn torthaí feabhsaithe ann do dhaltaí mar gheall ar an neamhspleáchas seo go léir. Níos déanaí, tógadh ceisteanna in athbhreithnithe ar acadaimh maidir lena n-éifeachtacht. Sa cheann is déanaí fuarthas go raibh 44% de na hacadaimh faoi leibhéal nua feabhais an rialtais, 'dul ar aghaidh gan stró', in 2014 (Hutchings et al, 2015).

Thairis sin, áitíonn roinnt taighdeoirí go mbaineann níos mó rogha ag tuismitheoirí agus scoileanna acadaimh a bheith ar fáil ag leibhéal an iar-bhunoideachais le níos mó polaraithe ar bhonn oideachais agus sóisialta (Gibbons agus Silva 2006).

### Scoileanna Cairte sna Stáit Aontaithe

Cruthaítear scoileanna Cairte sna Stáit Aontaithe trí chonradh nó "cairt" idir an t-oibreoir agus an t-údaraitheoir, ar bord scoile é de ghnáth. Nuair a tugadh isteach sna Stáit Aontaithe de

chéaduair iad in 1991, tháinig scoileanna cairte le dhá ghealltanas ar leith: bheith mar bhealach éalaithe do dhaltaí i scoileanna atá ag cliseadh, agus le cleachtais nua oideachais a chruthú agus a chothú.

Cé go bhfuil de cheangal orthu polasaithe iontrála oscailte a bheith acu, tá díolmhaithe ón gcuid is mó de riachtanais reachtúla eile a bhaineann le scoileanna poiblí traidisiúnta nach scoileanna cairte iad, lena n-áirítear riachtanais maidir le caiteachas, caipiteal daonna, bainistíocht, rannpháirtíocht tuismitheoirí sa phróiseas oideachais, cleachtais churaclaim agus teagaisc, agus fiú rialachas agus struchtúir bhainistíochta. Mar chuid den chairt, agus le níos mó neamhspleáchas a fháil le curaclaim, oideolaíocht agus straitéisí oibriúcháin atá nuálaíoch a fhorbairt, tá níos mó cuntasachta ag scoileanna cairte ná scoileanna poiblí traidisiúnta nach scoileanna cairte iad maidir le feidhmíocht daltaí, cúrsaí airgeadais agus oibriúcháin éifeachtacha scoile. Tá d'iallach ar scoileanna cairte poiblí gach caighdeán stáit agus feidearálacha a chomhlíonadh.  Chomh maith leis sin, déantar breithiúnas orthu maidir le cé chomh maith a fhreastalaíonn siad ar spriocanna gnóthachtála daltaí atá leagtha síos ag a gconarthaí cairte.  Caithfidh scoil cairte phoiblí ar ardchaighdeán caighdeáin dhéine acadúla, airgeadais agus bhainistíochta a chomhlíonadh.

Nuair a bhreathnaítear orthu ina n-iomláine, tá torthaí neamh-chomhsheasmhacha bainte amach ag scoileanna cairte maidir le caighdeáin oideachais a fheabhsú. Tá tátal bainte amach ag Toma agus Zimmer (2012) go bhfuil an litríocht reatha neamhchonclúideach maidir leis an tionchar comhiomlán atá ag scoileanna cairte ar ghnóthú daltaí, agus tá aird dírithe ag daoine eile ar an bhféidearthacht neamhréir a bheith ann idir teoiric agus cleachtas scoileanna cairte (Finnigan 2007). Tá éagsúlacht mhór i measc scoileanna cairte maidir le conas a oibríonn siad. Go ginearálta is iad na scoileanna cairte is mó a n-éiríonn leo ná na cinn a fhreastalaíonn ar phobail is lú míbhuntáiste. Tá roinnt cleachtas oideachais aitheanta ag taighdeoirí (Fryer, 2012, mar shampla) atá le feiceáil i scoileanna cairte atá ar na cinn is éifeachtaí ag ardú gnóthachtáil daltaí:

- Díriú ar chaipiteal daonna (is cóir na huirlisí a thabhairt do mhúinteoirí a theastaíonn uatha le bheith rathúil, lena n-áirítear níos mó aiseolais ó riarthóirí)
- Measúnuithe ar dhaltaí go minic
- Sonraí laethúla ar fheidhmíocht daltaí leis an am a laghdú idir "easpa i ndalta a bhrath agus a leigheas" (Fryer, 2012)
- Sonraí ar dhaltaí a úsáid leis an teagasc a bhrú chun cinn (is féidir le sonraí foghlaim níos pearsantaithe agus níos éifeachtúla a bhrú chun cinn)
- Díriú gan staonadh ar ghnóthachtáil i mata agus i léitheoireacht (Carter 2000, Thermstrom agus Thermstrom 2004, Whitman, 2008)
- Teagasc a thabhairt "i ndáileoga móra"
- Am teagaisc atá laghdaithe go mór
- Gealltanais ó thuismitheoirí bheith páirteach

- cleachtais teagaisc athbhreithnithe, mar shampla, foghlaim neamhspleách bunaithe ar thionscadail agus foghlaim chumaiscthe a leagann béim ar dhifriúlú agus gluaiseacht dhinimiciúil idir stáisiúin oibre.

## An Fhionlainn

Tá barr feabhais bainte amach ag an bhFionlainn go leanúnach le blianta anuas. Tá na cúiseanna le dul chun cinn na Fionlainne casta mar comhlánaíonn na codanna oibríochtúla atá forbartha ina gcóras, laistigh dá gcomhthéacs cultúrtha, comhlánaíonn siad a chéile go han-éifeachtach. Ar na 'codanna oibríochtúla' seo tá próisis earcaithe, oiliúna agus roghnúcháin a chuireann béim ar an múinteoireacht mar ghairm mheasúil (Westbury et al 2005), an riachtanas céim Mháistreachta ar a laghad a bheith ag gach múinteoir agus go nglacfaidh siad páirt i bhforbairt gairme leanúnach arna maoiniú ag an stát, agus a lán neamhspleáchais do phríomhoidí agus do mhúinteoirí maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú.

Cé go dtugann an Chreatlach Curaclaim Náisiúnta don Scoil Bhunúsach agus doiciméid chomhchosúla don mheánoideachas uachtarach treoir do mhúinteoirí, is freagracht scoileanna agus do bhardais í pleanáil curaclaim. Faomhann údaráis áitiúla oideachais curaclaim ag leibhéal na scoile agus imríonn múinteoirí agus príomhoidí scoile príomhról i ndearadh curaclaim. Áitítear go minic gur gné ríthábhachtach é an infheistíocht i dtúsoideachas agus in oideachas leanúnach múinteoirí é an infheistíocht le córas na Fionlainne a chumasú le dearadh curaclaim a tharmligean go leibhéal na scoile aonair. Imríonn múinteoirí príomhról chomh maith i measúnú daltaí. Úsáideann scoileanna measúnaithe atá bunaithe ar mhúinteoirí chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus tá siad seo tuairisciúil agus úsáidtear iad ar bhealach múnlaitheach le bonn eolais a chur faoi aiseolas agus measúnú le haghaidh foghlama. Ní dhéanann daltaí aon scrúduithe éigeantacha go dtí go bhfuil siad 17 go 19 mbliana d'aois. Ní úsáideanna scoileanna san Fhionlainn tástálacha caighdeánaithe chun dul chun cinn daltaí a dheimhniú.

Mar a luadh thuas, níl sé furasta naisc chúisíocha a aithint idir gníomhartha ar leith agus gnóthachtáil daltaí i scoileanna na Fionlainne. Ach creidtear go bhfuil an tsaoirse curaclaim a dhearadh ag leibhéal an tseomra ranga an-bhainteach, sa mhéid is gurb é/í an múinteoir an duine is fearr le riachtanais daltaí a aithint agus atá in ann clár teagaisc saindeartha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm le riar orthu. Chomh maith leis sin, tugann polasaí oideachais san Fhionlainn tosaíocht ard don oideachas aonair agus is cuid thábhachtach de bhealach a oibríonn scoileanna í an chruthaitheacht agus tá leibhéal ard muiníne idir tuismitheoirí agus múinteoirí. Thairis sin, tá múinteoirí ardcháilithe agus tugann siad faoi chuid mhór forbairt ghairmiúil leanúnach. Tá meascán de leibhéil chumais i ngach rang, le dhá mhúinteoir nó níos mó a dhíríonn orthu siúd a bhfuil níos mó tacaíocht ag teastáil uathu. As siocair nach bhfuil measúnuithe caighdeánaithe ann is é an curaclam, an teagasc agus an fhoghlaim a threoraíonn cleachtas múinteoirí i scoileanna, seachas tástáil (Sahlberg 2010).

## An tSualainn

Ag an tús bhí neamhspleáchas iomlán ag saorscoileanna na Sualainne i nithe a bhaineann le curaclam, oideolaíocht agus measúnú. Ach, ó 2008 i leith, tá athchóirithe curtha i bhfeidhm ag lucht ceaptha polasaí, a bhogann i dtreo inneachar curaclaim atá sonraithe níos déine. Mar gheall ar imní faoi leibhéil ghnóthachtála a bheith ag ísliú in PISA, agus ar thuairiscí cigireachta a léiríonn go raibh curaclaim bunaithe ar spriocanna anois deacra ag múinteoirí a thuiscint agus a raibh dá bharr éagothromaíochtaí móra ann i riachtanais acadúla i scoileanna, tá neamhspleáchas maidir le roghanna curaclaim agus measúnú daltaí laghdaithe. Sonraíonn an rialtas lárnach na siollabais le haghaidh oideachas éigeantach agus tugann siad réimse teisteanna ónar féidir le scoileanna roghnú le gnóthachtáil daltaí a thomhas.

Nocht torthaí PISA 2012, a fhoilsíodh ar an 3 Nollaig 2013 go raibh meánfheidhmíocht thar na deich mbliana roimhe sin sa tSualainn tite sna trí chroí-ábhar ar fad a thomhaistear in PISA, léitheoireacht, mata agus eolaíocht, ó leibhéal timpeall nó os cionn mheán ECFE go leibhéal faoin meán. Cé nach féidir nasc cúisíoch díreach idir neamhspleáchas scoileanna sa toise atá faoi chaibidil agus torthaí do dhaltaí, áitíonn an Dr Susanne Wiborg ó Institiúid Oideachais Londain go bhfuil “ról indíreach imeartha ag saorscoileanna sa tSualainn in ísliú na scór PISA sna deich mbliana seo caite” (The Guardian, Máirt an 3 Nollaig 2013). D’fhéadfadh sé go bhfuil seo mar gheall ar an éagsúlacht mhór i dtuiscintí áitiúla ar an gcuraclam de thoradh ar neamhspleáchas curaclaim agus a chruthaigh difríochtaí soiléire idir scoileanna agus/nó de bhrí gur minic a lán daltaí ar deireadh i saorscoileanna sa tSualainn, daltaí nach bhfuil ag éirí chomh maith leo siúd atá ag freastal ar scoileanna stáit (Machin et al 2013).

## An Nua-Shéalainn

Tá an Nua-Shéalainn ag feidhmiú ag barr PISA ó 2000 i leith, le daltaí ag feidhmiú os cionn mheán ECFE i léitheoireacht, in eolaíocht agus i mata. Tá scoileanna sa Nua-Shéalainn i measc na scoileanna is neamhspleáiche sna tíortha ECFE ar fad (ECFE, 2013); oibríonn siad go haonar gan bheith leabaithe i gceantair nó in údaráis áitiúla. Mar gheall ar a neamhspleáchas tá siad rud beag cosúil le scoileanna cairte sna Stáit Aontaithe nach bhfuil mar chuid d’eagraíocht níos mó neamhbhrabúis nó bhrabúis (Wylie, 2013). Tá a lán neamhspleáchas gairmiúil ag múinteoirí sa Nua-Shéalainn. Cé go bhfuil Curaclam Náisiúnta ann, níl sé an-sonrach – tugann sé creatlach d’fhorbairt curaclam scoilbhunaithe agus leagann sé amach cúig phríomhphrionsabal atá ábhartha go háirithe do phróisis a bhaineann le pleanáil curaclaim, socrú tosaíochtaí agus athbhreithniú.

Bítear ag súil le múinteoirí anailís a dhéanamh ar dhaltaí agus ar a riachtanais agus straitéisí agus acmhainní múinteoireachta a roghnú atá de réir an Churaclaim Náisiúnta. Chomh maith leis sin tá Treoirlínte Riaracháin Náisiúnta a chuimsíonn riachtanais do scoileanna plean straitéiseach a bheith acu le pleananna agus spriocanna gaolmhara. Cruthaíonn scoileanna a bpleananna féin agus socraíonn siad spriocanna laistigh de na paraiméadair seo.

Tá caighdeáin náisiúnta leagtha amach le súilíochtaí náisiúnta a shoiléiriú leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim a threorú sa seomra ranga. Is scoileanna a

fhorbraíonn measúnú ar dhaltaí go hinmheánach sa Nua-Shéalainn. Tá bonntaca faoin measúnú i leith caighdeáin náisiúnta ag measúnú ar son prionsabail agus cleachtas foghlama. Braitheann sé ar bhreithiúnas gairmiúil múinteoirí i réimse eolais, lena n-áirítear teagasc agus foghlaim ó lá go lá, agus uirlisí measúnaithe a úsáid atá dearbhaithe go náisiúnta. Déantar measúnú go hinmheánach ar cháilíochtaí daltaí san iar-bhunoideachas agus go seachtrach ag Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne, atá bunaithe ar Chreatlach Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne.

Mar is amhlaidh san Fhionlainn, ní féidir rath chóras oideachais na Nua-Shéalainne a chur síos go deifinídeach don neamhspleáchas atá ag a scoileanna maidir leis an gcuraclam a sholáthraíonn siad agus an chaoi a sholáthraíonn siad é nó dá gcur chuige i leith an mheasúnaithe. Go dearfa, tá scríofa ag an bpríomhthaighdeoir ag Comhairle Taighde Oideachais na Nua-Shéalainne nach féidir leis an Nua-Shéalainn aon mhórghnóthuithe ar fud an chórais i bhfeidhmíocht nó i bhfoghlaim daltaí, i gcuir chuige nua i leith na foghlama, nó i gcothromaíocht bhreise deiseanna oideachais a d'eascair go soiléir ó neamhspleáchas scoileanna (Wylie, 2009). Rud atá soiléir, áfach, is ea gur gnéithe iad leibhéil measartha ard neamhspleáchais scoileanna maidir le nithe a bhaineann le curaclam, oideolaíocht agus measúnú, cé go bhfuil miondifríochtaí san Fhionlainn agus sa Nua-Shéalainn, gur gnéithe iad de dhá chóras oideachais a bhfuil rath mór orthu.

## 5.4 Neamhspleáchas maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú: An tábhacht a bhaineann le ceannaireacht

Tá léirithe ag an rath oideachais i dtíortha mar an Fhionlainn agus an Nua-Shéalainn, chomh maith le taithí le roinnt scoileanna cairte sna Stáit Aontaithe agus athchóirithe eile i leith scoileanna neamhspleácha, gur féidir nuálaíocht i mbainistíocht scoileanna, soláthar foirne agus teagasc a bheith ann mar gheall ar níos mó solúbthachta a thabhairt do scoileanna (Dillon, 2011). Mar a léirítear thuas, cuireann taithí i dtíortha ard-ratha mar an Fhionlainn agus an Nua-Shéalainn in iúl go láidir gur tosca tábhachtacha iad neamhspleáchas scoile nó neamhspleáchas áitiúil eile maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú le haghaidh nuálaíocht, cruthaitheacht agus ardchaighdeáin oideachais a chur chun cinn. Ach léiríonn taithí chomh maith nach bhfuil an cumas ag gach scoil an spás a chruthaíonn neamhspleáchas a líonadh le gníomhartha a fheabhsaíonn foghlaim daltaí go fíor. Is minic nach mbíonn na ceannairí, an fhoireann nó an fhís ag scoileanna le cinntí maithe neamhspleácha a dhéanamh, agus is minic nach mbíonn siad in ann an cumas sin a thógáil. Gan iad seo ní dócha go bhfeabhsóidh neamhspleáchas gnóthachtáil daltaí (Dillon, 2011; Victorian Competition and Efficiency Commission, 2013). Léirítear seo go soiléir san anailís ar 26 staidéar fhoilsithe a scrúdaíonn an caidreamh idir cineálacha ceannaireachta scoile agus réimse torthaí acadúla daltaí, arna dhéanamh ag an Ollamh Robinson (2007).

D'aimsigh Robinson gurb é a dhéanann ceannairí i scoileanna ardfheidhmíochta óna macasamhail i scoileanna comhchosúla ach a bhfuil feidhmíocht níos ísle ag baint leo ná a rannpháirtíocht phearsanta sa phleanáil agus i gcomhordú agus i measúnú múinteoireachta agus múinteoirí. Go sonrach, is é a dhéanann ceannairí scoileanna ardfheidhmíochta ná maoirseacht ghníomhach agus comhordú an chláir teagaisc. D'oibrigh ceannairí scoile agus baill foirne le chéile le múinteoireacht a athbhreithniú agus a fheabhsú – smaoineamh atá gafa ag an gcoincheap comhcheannaireacht teagaisc (Heck et al, 1990; Heck et al, 1991; Marks agus Printy, 2003). I scoileanna ardfheidhmíochta bhí baint níos dírigh ag na ceannairí i gcomhordú an churaclaim ar fud leibhéil bhliana ná mar a bhí amhlaidh i scoileanna ina raibh feidhmíocht níos ísle. Thairis sin, bhí baint ag an méid rannpháirtíochta ag ceannaire i mbreathnú seomra ranga agus aiseolas ina dhiaidh sin le scoileanna ardfheidhmíochta. Thuairiscigh múinteoirí i scoileanna den chineál sin gur shocraigh a gceannairí caighdeáin shoiléire feidhmíochta don mhúinteoireacht agus gur chloígh siad leo (Andrews & Soder, 1987; Bamburg agus Andrews, 1991) agus go ndearna siad breathnú rialta a chuidigh leo a dteagasc a fheabhsú (Bamburg & Andrews, 1991; Heck, 1992; Heck et al, 1990). Chomh maith leis sin, bhí níos mó béime i scoileanna ardfheidhmíochta ar a chinntiú go ndearna baill foirne monatóireacht chórasach ar dhul chun cinn daltaí (Heck et al, 1990), agus gur úsáideadh torthaí teisteanna le haghaidh cláir a fheabhsú (Heck et al, 1991). Táscaire láidir ar chaighdeán scoile ba ea sonraí a úsáid le dul chun cinn daltaí a mheasúnú, a dteagasc a choigeartú, a gclár seachtainiúil a phleanáil agus aiseolas a thabhairt do dhaltaí, agus bhi tionchar suntasach ag leibhéal caighdeáin scoile ar ghnóthachtáil daltaí i léitheoireacht agus i mata (Robinson, 2007).

## 5.5 Neamhspleáchas maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú in Éirinn

Tá scoileanna in Éirinn neamhspleách i bpáirt maidir leis an gcuraclam a theagascann siad, lena n-oideolaíocht, agus measúnú.

**Curaclam agus oideolaíocht**

- Cé go bhfuil curaclam a ceapadh go lárnach ann faoi láthair ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal araon, tá féidearthacht mhór ann do mhúinteoirí freisin, laistigh dá pharaiméadair, an curaclam a oiriúnú chun riar ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí, go háirithe ag an mbunleibhéal.

- Ag an iar-bhunleibhéal, cé go raibh inneachar curaclaim socraithe go traidisiúnta ag siollabas na scrúduithe stáit, tá an staid seo ag athrú anois le níos mó saoirse á tabhairt isteach ag an tSraith Shóisearach

- Tá scoileanna státmhaoinithe in Éirinn neamhspleách i bpáirt maidir le hoideolaíocht. Tá a lán saoirse ag scoileanna agus ag múinteoirí cinntí a dhéanamh faoin gcur chuige oideolaíoch cuí dá ndaltaí. Ag an mbunleibhéal is cóir na cuir chuige a leagtar amach

sna treoirlínte náisiúnta curaclaim a bheith mar bhonn eolais do chinntí faoin oideolaíocht

- Ag leibhéal an iar-bhunoideachais, cé nach leagtar síos cuir chuige oideolaíochta ar leith i dtreoirlínte atá foilsithe go lárnach mar atá amhlaidh ag an mbunleibhéal, táthar ag súil leis go gcuirfidh scoileanna agus múinteoirí san áireamh na modhanna a mholtar san fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chuirtear ar fáil go náisiúnta agus atá i dtuairiscí cigireachta foilsithe
- Ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal araon is iad scoileanna a roghnaíonn téacsleabhair agus acmhainní seomra ranga le tacú le feidhmiú an churaclaim, ní rialtas lárnach.

**Measúnú**
Tá scoileanna státmhaoinithe in Éirinn neamhspleách i bpáirt maidir le measúnú. Fágtar measúnú ó lá go lá agus an t-aiseolas a úsáidtear le feidhmíocht daltaí a fheabhsú faoi rogha na scoileanna ar leith agus a múinteoirí. Ach tá measúnaithe seachtracha agus measúnaithe caighdeánaithe sainordaithe go lárnach. Ag an mbunleibhéal is teisteanna caighdeánaithe iad seo ag amanna a leagtar síos. Ag an leibhéal iar-bhunoideachais, tionóltar scrúduithe stáit ag deireadh na Sraithe Sóisearaí agus ag deireadh na Sraithe Sinsearaí.

**Ceannaireacht**
Mar a léirítear thuas, tá impleachtaí do cheannaireacht scoileanna ag féidearthachtaí atá ann neamhspleáchas scoileanna a mhéadú maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú. Beidh forbairt ceannairí scoile mar cheannairí teagascacha ríthábhachtach má táthar ag dul a bhaint amach, ar bhealach úr, an neamhspleáchais maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú atá ag bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna in Éirinn faoi láthair agus a d'fhéadfaí a thabhairt dóibh amach anseo. Tugann obair atá ar siúl cheana féin trí Ionad Náisiúnta don Cheannaireacht Scoileanna a bhunú le breathnú ar cháilíochtaí, oiliúint agus tacaíocht do cheannairí scoile, tugann sí an comhthéacs inar féidir plé le himní faoin gcumas riachtanach ceannaireachta.

## 5.6 An Clár Rialtais

Príomhchuspóir d'fhorálacha oideachais an Chláir Rialtais 2011-2016 is ea caighdeáin oideachais a ardú trí athchóiriú curaclaim le 'gnóthachtáil a fheabhsú sa litearthacht, mata agus eolaíocht agus le níos mó nuálaíochta agus foghlaim neamhspleách a spreagadh'. Cuireann an Clár in iúl imní maidir le caighdeáin náisiúnta a fheabhsú, mar a léirítear ina a leanas:

- An aidhm sa téarma níos faide Éire a chur i measc na ndeich dtír is airde feidhmíocht i gClár Idirnáisiúnta ECFE um Measúnú Daltaí (PISA)

- An uaillmhian ‘sochaí bunaithe ar an eolas a thógáil’
- An cuspóir níos práinní soláthar don tsraith shóisearach agus shinsearach a athbhreithniú ag an leibhéal iar-bhunoideachais le ‘níos mó nuálaíochta agus foghlaim neamhspleách a spreagadh’.

## 5.7 Dul chun cinn agus forbairtí

Tugadh isteach an *Curaclam Bunscoile* reatha atá páistelárnach in 1999. Leag sé amach na réimsí foghlama agus na hábhair le cur ar fáil i mbunscoileanna agus i ngach ráiteas curaclaim shainmhínigh sé *céard* a rabhthas ag súil leis an leanbh a fhoghlaim agus *conas* ba chóir don fhoghlaim sin tarlú. Bhí rath air den chuid ba mhó, ach tháinig cáineadh chun cinn nár thug sé, agus é ag iarraidh a chur in iúl *céard* agus *conas* a bhí leanaí le foghlaim, go leor soiléireachta do mhúinteoirí maidir le torthaí foghlama le baint amach ag gach céim ag daltaí. Bhí an gá le cláir do ranganna naíonán a athbhreithniú níos soiléir ó foilsíodh *Aistear*, an chreatlach curaclaim don luathoideachas, a chuir béim i bhfad níos mó ar ról an tsúgartha in oideachas na luathbhlianta.

In 2011, shonraigh *Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta* an Rialtais go n-iarrfaidh ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta na curaclaim bhunscoile do theangacha (Béarla agus Gaeilge) agus mata i bhfianaise na riachtanas seo ag teacht chun cinn. Tá obair ar na hathbhreithnithe seo ar siúl ó 2012 i leith, agus tabharfar na chéad chodanna de na curaclaim athbhreithnithe isteach i scoileanna in 2016-2017.

Tá forbairtí suntasach fógartha sa tSraith Shóisearach a mhéadóidh go suntasach, thar am, neamhspleáchas iar-bhunscoileanna maidir le curaclam agus measúnú. Thairis sin, mar gheall ar fhéinmheasúnú scoile a thabhairt isteach in 2012 agus na hathruithe le déanaí ar oideachas múinteoirí, tá an fhéidearthacht ann múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon agus scoileanna araon tairbhe níos iomláine a bhaint as solúbthacht oideolaíochta reatha curaclaim. Ag an am céanna, tá cuid den solúbthacht a bhaineann le gnéithe áirithe den mheasúnú ag leibhéal iar-bhunscolaíochta laghdaithe.

- Tabharfaidh na curaclaim athbhreithnithe ag an mbunleibhéal deiseanna le níos mó solúbthachta curaclaim a chur ar fáil do scoileanna. Tabharfaidh siad níos mó soiléireachta maidir leis na torthaí foghlama a mbeifí ag súil leo ó dhaltaí ach ní bheidh modheolaíochtaí saintreoracha nó molta sna croí-ráitis churaclaim. Ina áit sin, beidh siad seo ar fáil i ndoiciméid tacaíochta agus samplaí den dea-chleachtas ar líne.

- Tá curtha in iúl ag an Roinn Oideachais agus Scileanna go saintreoróidh an tAire an Curaclam Bunscoile de réir alt 30 den Acht Oideachais, 1998. Cinnteoidh sé seo ceart gach dalta ar churaclam leathan cothromaithe, agus tabharfaidh sé solúbthacht do scoileanna lán-Ghaeilge tréimhsí tumoideachais a fheidhmiú sna luathbhlianta scolaíochta. Comhlánóidh athbhreithniú an Churaclaim Bunscoile a pléadh thuas an próiseas seo trí na ráitis churaclaim a dhíriú ar thorthaí foghlama agus treoir ar conas is cóir an curaclam a chur i bhfeidhm a shrianadh go hiomlán do dhoiciméid tacaíochta

- Le dul chun cinn in athchóiriú na Sraithe Sóisearaí tá féidearthachtaí nua ann do scoileanna iar-bhunoideachais maidir le neamhspleáchas i dtaca le curaclam agus measúnú araon. Ag an tSraith Shóisearach, tá solúbthacht áirithe tugtha do scoileanna gearrchúrsaí agus eispéiris foghlama mhalartacha a cheapadh agus a thairiscint, ag cur ar a gcumas, mar sin, curaclaim a dhearadh a chuireann chun cinn nuálaíocht agus foghlaim neamhspleách. Thairis sin, tá sa tSraith Shóisearach aitheantas foirmiúil ar thorthaí measúnaithe scoilbhunaithe
- Bhí laghdú éigin i neamhspleáchas scoileanna maidir le measúnú. Mar gheall ar thástáil chaighdeánaithe éigeantach i litearthacht, uimhearthacht agus eolaíocht ag an leibhéal iar-bhunoideachais laghdófar solúbthacht scoileanna measúnuithe mar seo a úsáid nó gan iad a úsáid
- Mar gheall ar fhéinmheasúnú scoileanna ag leibhéal an bhunoideachais agus an iarbhunoideachais tá scoileanna féin cumasaithe teacht ar fhaisnéis a bhaineann go sonrach le scoil maidir le cé chomh maith is atá ag éirí leo, agus beifear ag súil leo sin a úsáid le haghaidh feabhsú. Spreagann sé seo scoileanna tosaíocht a dhéanamh de spriocanna foghlama sonracha agus athruithe oideolaíochta riachtanacha na spriocanna seo a bhaint amach laistigh de chreatlach leathan churaclaim agus oideolaíochta
- Le hathruithe ar oideachas múinteoirí a tugadh isteach le déanaí tá cúrsaí túsoideachais múinteoirí níos faide agus mar gheall ar athrú in inneachar cúrsaí tá béim níos mó ar scileanna san oideolaíocht agus measúnú. Tá an dá fhorbairt seo ceaptha le cumas múinteoirí a mhéadú curaclaim agus cleachtais mheasúnaithe a oiriúnú in scoileanna le bheith níos oiriúnaí do riachtanais daltaí. Ullmhóidh seo múinteoirí níos fearr le húsáid níos iomláine a bhaint as an neamhspleáchas atá ag scoileanna agus múinteoirí cheana féin maidir le curaclam agus measúnú.

## 5.8 Neamhspleáchas a mhéadú maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú

**Curaclam, oideolaíocht**

*Bunscoileanna*: Is féidir réimse féidearthachtaí a aithint le neamhspleáchas curaclaim bunscoileanna a mhéadú ag an mbunleibhéal. Mar shampla:

- D’fhéadfaí machnamh ar neamhspleáchas iomlán a thabhairt do bhunscoileanna maidir leis an gcuraclam a theagascann siad, faoi réir riachtanais ghinearálta náisiúnta a chomhlíonadh maidir le curaclam ar litearthacht, uimhearthacht, corpoideachas agus oideachas sláinte. Bheadh de bhuntáiste ag an bhféidearthacht seo bunscoileanna a chumasú ábhair nua a thabhairt isteach agus ábhair eile a bhaint ar shiúl, ábhair reatha bhunscoile a léiriú ar bhealaí éagsúla, freagairt ar bhealach níos éifeachtaí ar riachtanais oideachais daltaí i ndomhan athraitheach, agus tarraingt ar

shaineolas curaclaim ar leith múinteoirí. Tá, áfach, an riosca ag baint leis go mbeidh an soláthar curaclaim a bheidh ann dá thoradh gan leithne agus cothroime, agus d'fhéadfadh an toradh bheith ann go dtiocfaidh leanaí a fhad le hiar-bhunscoileanna le heispéireas oideachais an-ilghnéitheach

- Moladh níos fearr a bheadh ann an curaclam náisiúnta mionsonraithe reatha do bhunscoileanna a ionadú le creatlach náisiúnta curaclaim a bhfuil níos lú sonraithe ann ná an curaclam náisiúnta do bhunscoileanna. Thabharfaidh a leithéid de chreatlach náisiúnta curaclaim tacar de phríomhphrionsabail don phleanáil curaclaim, socrú tosaíochtaí agus athbhreithniú. Laistigh de chreatlach na bprionsabal seo, bheadh an tsaoirse ag scoileanna ábhair a roghnú agus cinn eile a bhaint ar shiúl, ábhair a léiriú ar bhealaí éagsúla, cinneadh a dhéanamh maidir le hinneachar ábhar agus am a leithroinnt d'ábhair de réir spriocanna foghlama na scoile. Mar atá amhlaidh leis an bhféidearthacht roimhe seo, bheadh de bhuntáiste aige seo bunscoileanna a chumasú bheith níos cruthaithí agus nuálaí agus, dá réir, bheith níos freagraí ar riachtanais a gcuid foghlaimeoirí. Mar gheall ar an riachtanas do scoileanna neamhspleáchas curaclaim a fheidhmiú laistigh de chreatlach náisiúnta príomhphrionsabal, chuideodh sé a chinntiú nach gcaillfear leithne agus/nó cothroime sa churaclam a sholáthraítear
- Féidearthacht eile is ea solúbthacht a thabhairt maidir le himscaradh múinteoirí i dtaca le soláthar an churaclaim. Chuirfeadh seo ar a gcumas do scoileanna imeacht ón gcur chuige traidisiúnta i leith soláthar curaclaim ag an mbunleibhéal ina gcuireann aon mhúinteoir amháin de ghnáth gach ábhar/réimse curaclaim i láthar a ranga agus ligfeadh seo do mhúinteoirí le heolas nó saineolas oideolaíochta i réimse ar leith (mar shampla, Gaeilge, ceol) an t-ábhar sin a theagasc do roinnt ranganna i mbunscoil. Cé go mbainfeadh an cur chuige seo ar shiúl, rud beag, ó sholáthar comhtháite an churaclaim bunscoile reatha, bheadh de bhuntáiste aige caighdeáin arda a chur chun cinn san oideolaíocht, le bonntaca ó eolas fónta ar an ábhar, ag saibhriú, mar sin, chaighdeán an churaclaim a chuirtear ar fáil do dhaltaí.

*Iar-bhunscoileanna*: Tabharfaidh na hathchóirithe, atá á dtabhairt isteach cheana féin sa tstraith shóisearach, i bhfad níos mó neamhspleáchais isteach do scoileanna maidir le curaclam ag an iar-bhunleibhéal íochtarach. Mar shampla, beidh neamhspleáchas ag scoileanna réimse ábhar traidisiúnta a thairiscint, ach beidh an rogha acu chomh maith roinnt gearrchúrsaí a thairiscint, a mbeidh siad in ann cuid acu a dhearadh iad féin laistigh de threoirlínte náisiúnta leathana. De réir mar a chuirtear na hathruithe seo i bhfeidhm beidh impleachtaí acu don chlár don Idirbhliain (mar a bhfuil neamhspleáchas iomlán ag scoileanna cheana féin maidir le hinneachar an churaclaim) agus ag céim níos faide anonn do churaclaim sa tsraith shinsearach.

**Measúnú**

Tá athchóirithe a thairgeann níos mó neamhspleáchais do scoileanna ar siúl cheana féin ach d'fhéadfaí iad a leathnú a thuilleadh:

- Tá na hathchóirithe sa tSraith Shóisearach ceaptha le neamhspleáchas scoileanna ar mheasúnú foghlaim daltaí a mhéadú, go háirithe maidir le measúnú gearrchúrsaí
- Is cóir a thabhairt faoi deara, chomh maith, go laghdóidh roinnt gnéithe de pholasaí Rialtais neamhspleáchas scoileanna maidir le measúnú. Mar gheall ar thástáil chaighdeánaithe éigeantach i litearthacht, uimhearthacht agus eolaíocht ag an leibhéal iar-bhunoideachais laghdófar solúbthacht scoileanna measúnuithe mar seo a úsáid nó gan iad a úsáid
- Is cóir machnamh chomh maith ar an roghchlár scrúduithe stáit atá oscailte do dhaltaí iar-bhunscoile le linn nó ag deireadh na Sraithe Sóisearaí a leathnú le gur féidir réimse níos leithne cáilíochtaí a chur san áireamh, lena n-áirítear cáilíochtaí gairme. Chuideodh sé seo le riar ar bhealach níos éifeachtaí ar riachtanais daltaí tríd an gcuraclam a thairgtear ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí agus trí níos mó nasc a éascú le saol na hoibre. Bheadh, ar ndóigh, impleachtaí suntasacha aige maidir le dearadh agus le soláthar curaclaim, le himpleachtaí costais leis.

**Ceannaireacht**

Beidh forbairt ceannairí scoile mar cheannairí teagascacha ríthábhachtach má táthar ag dul a bhaint amach, ar bhealach úr, an neamhspleáchais maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú atá ag scoileanna faoi láthair agus a d'fhéadfaí a thabhairt dóibh amach anseo. Thairis sin, seachas bheith ina mbainisteoirí a chuireann polasaí i bhfeidhm, beidh ar phríomhoidí scoile bheith níos mó ina gceannairí ar a scoileanna, iad in ann ceannaireacht a fheidhmiú sa timpeallacht lasmuigh dá scoileanna, agus an bhaint idir an bheirt acu a chur in iúl (Hargreaves et al, 2007). In 2015, cuireadh ionad náisiúnta um cheannaireacht scoileanna ar bun le hoiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí i róil cheannaireachta. Tugann an obair atá ar siúl cheana féin ag Grúpa Ceannaireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna agus ag an ionad náisiúnta an comhthéacs inar bhfuil an réimse féidearthachtaí a bhaineann le ceannaireacht mar sin a fhorbairt do cheannairí scoile.

- Na riachtanais forbartha/oiliúna ghairmiúla do cheannairí scoile a athshamhlú le ceann amháin nó níos mó dá leanas a chur san áireamh:
    - Riachtanas íosta forbartha gairme réamhsheirbhíse do phríomhoidí: D'fhéadfadh clár cáilíochtaí a chríochnú nó a thosú bheith san áireamh, mar atá sa phróiseas in Albain, san Astráil (Victoria), i gCeanada (Ontario), chomh maith leis na Stáit Aontaithe (Nua-Eabhrac, California) (Taipale, 2012)
    - Tréimhse shainithe ionduchtúcháin: D'fhéadfadh córas meantóireachta bheith san áireamh, cosúil leis an gceann sin a chuirtear ar fáil sa chéad chéim de chlár an ionaid náisiúnta ceannaireachta scoile, a thosóidh i mbliana. Sa chlár seo beidh

100 meantóir a bheidh oilte chun tacaíocht a thabhairt do 75 phríomhoide nuacheaptha ar a laghad gach bliain.

- o Forbairt ghairmiúil leanúnach státmhaoinithe do phríomhoidí
- o Bearta le soghluaisteacht príomhoidí a fheabhsú: I measc roghanna féideartha anseo tá conradh fostaíochta níos solúbtha a thabhairt isteach, socruithe maidir le hath-imscaradh, conarthaí ar théarmaí seasta, agus meicníochtaí le haghaidh athbhreithnithe rialta forbartha agus feidhmíochta do phríomhoidí.

- Leibhéal réadúil tacaíochta a thabhairt do cheannairí scoile ag leibhéal na meánbhainistíochta i scoileanna, le ceannairí cúnta nó leascheannairí scoile a bhfuil ceannaireacht ar churaclam agus ar mheasúnú san áireamh ina sonraíochtaí poist: Má tá ceannairí scoile le tairbhe a bhaint as buntáistí neamhspleáchas curaclaim caithfear tacú leo le leibhéal réadúil tacaíochta ag leibhéal na meánbhainistíochta i scoileanna, le ceannairí cúnta nó leascheannairí scoile a bhfuil sonraíochtaí poist acu atá níos uaillmhianaí ná mar a bhíonn sa chóras Éireannach de ghnáth (ECFE, 2008). Nuair a chuimhnítear ar an ualach riaracháin atá ar phríomhoidí scoile a thagann le níos mó neamhspleáchais, is riachtanas tábhachtach é sin.

**Cáilíochtaí agus scileanna múinteoirí**

- Tá tuilleadh oibre le déanamh le forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí a neartú. Cé go bhfuil athruithe suntasacha déanta ar thúsoideachas múinteoirí, d'fhéadfadh an Chomhairle Múinteoireachta machnamh ar leibhéal íosta éigeantach forbartha gairmiúla leanúnaí a shocrú mar choinníoll le múinteoirí a chlárú. D'fhéadfadh moltaí na Comhairle sa doiciméad Cosán bheith ag dul sa treo cheart. Chuideodh sé seo le forbairt oideolaíoch dhian dhomhain múinteoirí a neadú sa chóras scoileanna agus d'ullmhódh sé múinteoirí níos fearr le húsáid níos iomláine a bhaint as an neamhspleáchas atá ag scoileanna agus múinteoirí cheana féin maidir le curaclam agus measúnú.

## 5.9 Breithnithe cuntasaíochta

Mar gheall ar dhílárú agus neamhspleáchas scoileanna tá gá níos mó le measúnú scoileanna, ceannairí scoileanna agus múinteoirí (ECFC, 2013B). Cé gur cosúil ar an gcéad amharc gur féidir go gcuireann na féidearthachtaí a leagtar amach thíos in éadan gluaiseacht i dtreo níos mó neamhspleáchas scoileanna, léiríonn an litríocht agus an taithí i dtíortha le leibhéil arda neamhspleáchais go gcaithfear bearta mar seo bheith in bhfeidhm le torthaí feabhsaithe a chinntiú do dhaltaí mar gheall ar níos mó neamhspleáchais. I measc féidearthachtaí le cuntasacht scoileanna agus múinteoirí a fheabhsú tá:

- Scoileanna a bheith níos cuntasaí do thuismitheoirí: Ag an mbunleibhéal in Éirinn faigheann tuismitheoirí tuairisc mhionsonraitheach ag deireadh na bliana ar dhul chun cinn a leanaí, ag cuimsiú torthaí teisteanna caighdeánaithe sa litearthacht agus san uimhearthacht. Níl aon phleananna ann an measúnú agus tuairisciú seo a leathnú go

scoileanna iar-bhunoideachais a fhad is go bhfuil Sraith Shóisearach nua á tabhairt isteach. A fhad is go bhfuil córais le haghaidh tuairisciú do thuismitheoirí á neadú isteach, d'fhéadfaí an fhéidearthacht a bhaineann le níos mó treoirlínte foirmiúla maidir le minicíocht, fad agus súilíochtaí i leith cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí a fhiosrú

- Beidh tuilleadh forbartha ar thuairiscí féinmheasúnaithe scoile a chuireann scoileanna ar fáil le sonraí dóthanacha a chinntiú faoina ndul chun cinn agus a ngnóthachtáil go dáta, beidh sin ina bhuntaca le cuntasacht a fhad is go bhfuil neamhspleáchas scoileanna ag méadú. Tá féidearthacht mhór ag baint leis an bpróiseas, féinmheasúnaithe scoileanna le teagasc agus foghlaim a fheabhsú, má ligtear go leor ama dó neadú isteach i gcleachtas múinteoirí agus má dhéantar sin amháin

- Dá bhforbrófaí córais a ligfeadh d'athbhreithniú rialta agus struchtúrtha ar riachtanais oibre agus forbartha príomhoidí agus múinteoirí bheadh thacódh sin le scoileanna bheith níos neamhspleáiche maidir leis an gcuraclam le teagasc agus chuirfeadh sé ar a gcumas do phríomhoidí fíorcheannaireacht a fheidhmiú maidir le caighdeán na foghlama agus an teagaisc ina scoileanna. Tá léirithe ag taighde i dtíortha eile na buntáistí féideartha a bhaineann le córais mar seo, go háirithe maidir le comhráite gairmiúla bríocha a spreagadh faoi obair agus feidhmíocht príomhoidí agus múinteoirí agus forbairt leanúnach scileanna gairmiúla. Ach is cóir a nótáil go bhfuil rabhadh láidir tugtha ag athbhreithnithe ar thaithí idirnáisiúnta ar chórais forbartha agus feidhmíochta in éadan bheith ag iarraidh torthaí athbhreithnithe a nascadh le torthaí teisteanna agus scrúduithe daltaí nó le leibhéil pá múinteoirí. Tá léirithe ag taighde ECFC, mar shampla, má nasctar torthaí teisteanna le feidhmíocht agus forbairt múinteoirí go spreagann sin múinteoirí torthaí tástálacha agus teisteanna a chur as riocht agus síleann múinteoirí agus daoine eile go bhfuil sé míchothrom mar déanann sé neamhaird ar an tionchar atá ag cúlra socheacnamaíoch daltaí ar fhoghlaim daltaí

- Tá forbairt leanúnach múnlaí cigireachta de réir cuntasaíocht níos mó. Ó 2010 i leith, mar gheall ar fhorbairt réimse múnlaí cigireachta, lena n-áirítear cigireachtaí gan fógra agus cigireachtaí leanúnacha, tá minicíocht cigireachtaí méadaithe go mór. Thairis sin, mar gheall ar anailís náisiúnta tátal chomh maith le tuairiscí breithmheasa scoile iomláine, tuairiscithe cigireachta leantacha, agus tuairiscí cigireachtaí ábhair ag an leibhéal iar-bhunscoile, cuidíonn sin a chinntiú go bhfuil cuntasacht ann ag leibhéal na scoile agus leibhéal an chórais.

## 5.10 Roghanna le breithniú: curaclam, oideolaíocht agus measúnú

Le haidhmeanna an Chláir Rialtais éifeachtacht scoileanna agus caighdeán torthaí foghlama daltaí a bhrú chun cinn, d'fhéadfaí machnamh ar a leanas:

**1. Curaclam**

- Faoi láthair tá na curaclaim don Bhéarla agus don Ghaeilge faoi athbhreithniú. Déanfar athbhreithniú ar ábhair eile sna blianta seo romhainn. A fhad is go bhfuiltear ag cur curaclam náisiúnta nua in áit an tseanchinn, d'fhéadfaí cur chuige bunaithe ar chreatlach a ghlacadh seachas cur chuige a shainíonn *céard* atá le teagasc agus le foghlaim agus *conas* atá teagasc agus foghlaim le tarlú. Is é an chiall a bheadh leis seo ná go gcuirfí an curaclam in iúl mar thacar leathan torthaí foghlama in éineacht le príomhphrionsabail phleanála, ag déanamh tosaíochta de mheasúnú agus d'athbhreithniú. Is cóir gach treoir ar mhodheolaíochtaí agus cuir chuige a choinneáil srianta go doiciméid tacaíochta

- Is cóir machnamh, laistigh den chreatlach, ar mhéid áirithe neamhspleáchais a thabhairt do scoileanna ábhair a roghnú (agus cuid eile a fhágáil as an áireamh) agus a shocrú conas ba chóir am a leithroinnt idir ábhair a fhad is go gcomhlíontar riachtanais ghinearálta náisiúnta maidir le litearthacht, uimhearthacht, corpoideachas agus oideachas sláinte. Mar gheall ar chur chuige mar seo bheadh solúbthacht agus níos mó neamhspleáchais ag scoileanna agus bheadh roinnt scoileanna in ann speisialtóireacht a dhéanamh de réimsí áirithe mar na healaíona nó na teicneolaíochtaí. Ach tá rioscaí móra leis an rogha seo agus bheadh monatóireacht chúramach ag teastáil uaidh lena chinntiú go bhfaigheadh daltaí curaclam cothromaithe agus leathan

- D'fhéadfaí níos mó solúbthachta a thabhairt do bhunscoileanna maidir le conas a imscarann siad múinteoirí leis an gcuraclam bunscoile a sholáthar leis an oideolaíocht a neartú i seomraí ranga agus lena chinntiú go bhfuil eolas fónta agus inniúlacht ábhair mar bhuntaca leis.

- Is cóir na hathruithe curaclaim atá ar siúl faoi láthair sa tSraith Shóisearach a chur i bhfeidhm go hiomlán.

**2. Ceannaireacht**

- Beidh sé ina riachtanas tábhachtach scileanna ceannaireachta príomhoidí agus leas-phríomhoidí in aon phleananna neamhspleáchas scoileanna a mhéadú. Is cóir obair atá ar siúl faoi láthair le hinniúlacht ceannairí scoile a thógáil a thabhairt chun cinn

- Má tá ceannairí scoile le tairbhe a bhaint as buntáistí neamhspleáchas curaclaim caithfear tacú leo le leibhéal réadúil tacaíochta ag leibhéal na meánbhainistíochta i scoileanna, le ceannairí cúnta nó leascheannairí scoile a bhfuil sonraíochtaí poist acu atá níos uaillmhianaí ná mar a bhíonn sa chóras Éireannach de ghnáth.

- D'fhéadfaí bearta le soghluaiseacht príomhoidí a fheabhsú, lena n-áirítear conradh fostaíochta níos solúbtha a thabhairt isteach, socruithe maidir le hath-imscaradh agus conarthaí ar théarmaí seasta.

**3. Cáilíochtaí agus scileanna múinteoirí**

- Éilíonn forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí feabhsú agus tá infheistíocht bhreise shuntasach i bhforbairt ghairmiúil leanúnach ag teastáil. Is cóir na hathruithe an-suntasacha atá tosaithe i dtúsoideachas múinteoirí a mhonatóiriú go cúramach lena chinntiú go bhfuil múinteoirí ullmhaithe a ndóthain do na dúshláin ghairmiúla a bhaineann le bheith ag obair i dtimpeallacht ghairmiúil chomhoibriúil foghlama atá i scoileanna anois. Is deis shuntasach iad moltaí na Comhairle Múinteoireachta ina plécháipéis *Cosán* do ghairm na múinteoireacht le cur chuige foghlama fad saoil a neadú i saol gairmiúil gach múinteora. Beidh an fhorbairt ghairmiúil seo go léir riachtanach má tá múinteoirí le tairbhe iomlán a bhaint as na buntáistí a bhaineann le níos mó neamhspleáchais ar réimsí amhail curaclam, measúnú agus oideolaíocht. Go dearfa, i roinnt tíortha éilítear ar mhúinteoirí, dálta gairmeacha eile, tabhairt faoi leibhéal íosta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach mar choinníoll lena gclárú.

**4. Cuntasacht**

- D'fhéadfaí machnamh ar eolas níos rialta agus níos cuimsithí a sholáthar do thuismitheoirí trí thuairiscí scríofa agus cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí.

- D'fhéadfaí machnamh ar na tuairiscí féinmheasúnaithe scoile a tugadh isteach ar na mallaibh a fhorbairt le cinntiú go bhfuil go leor sonraí iontu faoi dhul chun cinn agus gnóthachtáil scoile maidir le soláthar curaclaim

- D'fhéadfaí a éileamh ar scoileanna tuairisciú go poiblí ar roinnt ceisteanna go bliantúil. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leo seo dearbhú poiblí go bhfuil an scoil comhlíontach le roinne príomhrialúchán (líon laethanta oscailte le haghaidh múinteoireachta, fad an lae scoile, méid ranganna agus imscaradh acmhainní múinteoireachta, polasaí iontrála, polasaí agus nósanna imeachta um chosaint leanaí, etc.). D'fhéadfadh seo comhlánú a dhéanamh ar sholáthar níos mó rochtana poiblí ar eolas faoi na hacmhainní atá ar fáil don scoil, lena n-áirítear acmhainní foirne iomlán atá ar fáil don scoil, conas a imscartar iad seo agus cóimheasa éifeachtacha dalta/múinteora na scoile, acmhainní dírithe atá ar fáil don scoil agus conas a úsáidtear iad seo (le haghaidh riachtanais speisialta, DEIS, etc.) agus ioncam airgeadais ón stát. Is cóir machnamh ar eolas áirithe a chur ar fáil ar ghnóthachtáil foghlama daltaí, lena n-áirítear sonraí treochta ó scrúduithe nó teisteanna, mar shampla ag deireadh iar-bhunoideachais. Bheadh tuilleadh staidéar ag teastáil maidir leis na meicníochtaí lenárbh fhéidir seo a bhaint amach agus na himpleachtaí acmhainní

- D'fhéadfadh forbairt múnlaí nua do chigireachtaí scoile leanúint ar aghaidh agus d'fhéadfadh an fás sa réimse tuairiscí cigireachta leanúint ar aghaidh. Ar na hathruithe seo múnlaí sonracha cigireachta d'fhéadfaí measúnú ar sholáthar curaclaim, tréimsí fógra níos giorra agus tuilleadh múnlaí cigireachta gan fógra, cigireachtaí leanúnacha agus tuairisciú ar scála feidhmíocht a fhoilsítear go forleathan a chur san áireamh. D'fhéadfaí tuilleadh anailís náisiúnta ar shonraí a thiomsú agus a fhoilsiú

- D’fhéadfaí obair mhionsonraíoch a éileamh lena shocrú conas a d’fhéadfaí córais a thriail agus a thabhairt isteach a thabharfadh bealach struchtúrtha ina bhféadfadh boird bhainistíochta agus príomhoidí athbhreithniú a dhéanamh ar obair agus ar riachtanais forbartha príomhoidí ar bhonn rialta. Bheadh obair ag teastáil chomh maith le córais a thriail agus a fhorbairt ina bhféadfadh príomhoidí athbhreithniú a dhéanamh ar an obair agus ar riachtanais forbartha múinteoirí ar bhealach struchtúrtha, rialta. Príomhaidhm leis an obair seo ba ea a chinntiú go spreagann na córais seo comhráite bríocha gairmiúla faoi obair agus faoi fheidhmíocht príomhoidí agus múinteoirí agus go dtugann siad tacaíocht agus spreagadh d’fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus d’fheabhas.

# 6. Buiséadú agus maoiniú: Roghanna le breithniú

## 6.1 Neamhspleáchas buiséadach a shainmhíniú

Féadann neamhspleáchas maidir le buiséadú agus maoiniú roinnt foirmeacha a ghlacadh. Féadann siad bheith i réimse ó chúinsí ina bhfuil neamhspleáchas ag scoileanna maidir le gnéithe teoranta caiteachais reatha nach mbaineann le pá a chuireann údarás lárnach ar fáil go dtí cúinsí ina bhfuil rogha iomlán ag an scoil maidir le gach caipiteal agus caiteachas reatha lena n-áirítear an cumas leibhéil éagsúla tuarastail a shocrú do gach ball foirne. Féadann neamhspleáchas tagairt chomh maith d'fhoinse ioncam scoile: i roinnt córas is féidir le gach ciste ar a bhfuil rogha ag an scoil teacht ón rialtas no ó údaráis stáit; i gcórais eile, tá saoirse ag scoileanna maoiniú áitiúil a thógáil ó fhoinsí daonchairdiúla agus/nó ó thuismitheoirí.

## 6.2 Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le neamhspleáchas buiséadach

I measc argóintí ar son agus in éadan neamhspleáchas breise do scoileanna maidir le buiséid agus maoiniú tá a leanas:

- Déantar argóintí go méadaíonn neamhspleáchas scoileanna maidir le buiséid éifeachtúlacht
  - Is minic a bhreathnaítear ar dhílárú freagrachtaí maidir le maoiniú soláthar oideachais chuig scoileanna nó eagrais áitiúla eile mar bhealach le héifeachtúlacht a mhéadú agus costas oideachais a laghdú, agus ag an am céanna a chinntiú go ndírítear acmhainní san áit is mó a bhfuil gá leo.
  - Cuireann taighde in iúl gurb iad na scoileanna is mó a bhfuil smacht acu ar a n-acmhainní airgeadais is dócha go mbeidh soláthar acu de na hacmhainní is mian leo a úsáid (ECFC, 2005)

- Féadann scoileanna atá neamhspleách maidir le buiséid agus leibhéil tuarastail múinteoirí dreasachtaí a thabhairt le múinteoirí le feidhmíocht níos airde a mhealladh agus le hardchaighdeáin a choinneáil.
  - Is bealach amháin é neamhspleáchas a thabhairt do scoileanna, go háirithe scoileanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste, le liúntas a thabhairt as bheith ag teagasc i scoileanna atá ag streachailt le múinteoirí le taithí ar ardchaighdeán a spreagadh le bheith ag obair sna socrúcháin seo
  - Is féidir luach saothair a thabhairt do mhúinteoirí agus do phríomhoidí ardfheidhmíochta le bónais phá nó breisithe
  - Mar gheall ar neamhspleáchas maidir le soláthar foirne bheadh saoirse ag scoileanna múinteoirí neamhéifeachtúla nó tearcfheidhmíochta a ligean chun bealaí.

- Is téama láidir sa litríocht ó na Stáit Aontaithe agus ón Astráil nár oibrigh údarás tarmligthe maidir le buiséid chomh maith agus a rabhthas ag súil leis do scoileanna nó don rialtas lárnach.
    - Bíonn ar bhainisteoirí scoile plé le cinntí airgeadais seachas le cinntí oideachais; léiríonn múinteoirí agus tuismitheoirí imní go laghdaíonn an maoiniú go coibhneasta i leith chostas na seirbhíse thar am; agus meastar gur éirigh rialtais lárnacha as cinntí deacra.
    - Ag an leibhéal lárnach, ní fhíoraítear an gnóthú maidir le ualach laghdaithe riaracháin an oiread a rabhthas ag súil leis nó in áit struchtúir riaracháin reatha tagann meicníochtaí maoirseachta.

- Tugann taighde le fios nach bhfuil gaol soiléir idir neamhspleáchas buiséadach agus feidhmíocht scoileanna
    - Bhreithnigh ECFC tionchar an neamhspleáchais airgeadais ar leibhéil ghnóthachtála daltaí, ag tagairt do PISA 2009 ag dhá leibhéal, leibhéal na tíre agus leibhéal na scoile. Faigheann sé amach nach bhfuil aon ghaol soiléir idir neamhspleáchas maidir le leithroinnt acmhainní agus feidhmíocht ag leibhéal na scoile (ECFC, 2011).
    - Aimsíonn ECFC freisin go bhfuil an caidreamh idir feidhmíocht scoileanna aonair agus a leibhéal neamhspleáchais maidir le hacmhainní a leithroinnt dearfach i roinnt tíortha agus diúltach i roinnt eile. (OECD, 2011)
    - Díol spéis is ea go dtuairiscítear sa staidéar náisiúnta ar thorthaí PISA 2009 a hAstráile comhghaol an-bheag idir ghnóthachtáil daltaí agus neamhspleáchas scoileanna maidir le buiséadú agus soláthar foirne (Thompson et al 2010). Ach, mar a luann Cobbold (2012), tá an leibhéal comhghaoil ró-íseal le bheith suntasach agus níl aon chomhghaol ann ag leibhéal na scoile

- Go hidirnáisiúnta, tá leibhéil arda neamhspleáchas maidir le buiséad tearc
    - Sampla tearca is ea iad an Bheilg, an Fhionlainn agus an tSualainn, ina bhfuil leibhéal ard neamhspleáchais maidir le buiséad. Fiú i dtíortha mar seo, tá bainistiú buiséad srianta ag nithe a shonraítear a bheith 'doshannta', rudaí ar nós cothabháil áiseanna; costas tástáil éigeantach a dhéanamh; seirbhísí tacaíochta daltaí. Chomh maith leis sin, tá bearta cuntasacht i bhfeidhm a thugann cinnteacht nach mbainfidh cinntí buiséid as faoi chuspóirí a shainítear go lárnach don chóras scoile. Go han-mhinic, éilíonn siad seo ar scoileanna cloí le modh cuntasaíochta a shainítear go lárnach ag tréimhsí sainithe den bhliain.

- I roinnt stát tá faomhadh buiséid deiridh ón údarás lárnach ag teastáil. San Fhionlainn, mar shampla, cé go measann scoileanna iad féin a bheith an-neamhspleách agus nach bhfuil ach tionchar teoranta ag an rialtas lárnach ar chinntí buiséid a dhéanann bardais, tá bearta cúramacha i bhfeidhm le cothroime maoinithe a chinntiú i ngach scoil.

## 6.3 Neamhspleáchas buiséadach i ndlínsí eile

### An Bheilg (Flóndras)

Tá a lán neamhspleáchais ag scoileanna i bhFlóndras maidir le cistí poiblí a chaitheamh (Eurydice, 2007). Is iad na scoileanna Pléimeannacha féin idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a dhéanann na cinntí go léir maidir le caiteachas caipitil agus ceannach ábhair, caiteachas oibriúcháin, trealamh ríomhaireachta a cheannach, iasachtaí, acmhainní dochorraithe agus sochorraithe a cheannach, agus foireann neamhtheagaisc a fhostú, faoi réir na dteorainneacha atá leagtha amach sna dlíthe náisiúnta gan idirghábháil sheachtrach (Eurydice, 2007).

Déanann na scoileanna na cinntí go léir maidir leis an bhfoireann teagaisc a fhostú de réir creata ginearálta réamhchinntithe a bhaineann go sonrach leis an oideachas. Ní hionann an scéal, áfach, sa Ghearmáin áit nach bhfuil neamhspleáchas ag scoileanna maidir le cistí poiblí a úsáid do chaiteachas caipitil, caiteachas oibriúcháin, nó an fhoireann teagaisc nó neamhtheagaisc a fhostú (Eurydice, 2007).

### An RA

Nuair a bronnadh stádas acadaimh ar scoileanna, chonacthas go raibh luach mór airgid i gceist do scoileanna nuair a tugadh na hacadaimh isteach ar dtús. Mar sin féin, tá an tuairim sin athraithe le déanaí de réir dealraimh. Rinneadh na hacadaimh a chistiú leis an *General Annual Grant* (GAG) ó *The Young People's Learning Agency*. Tá dhá mhír sa deontas: an *School Budget Share* agus an *Local Authority Central Spend Equivalent Grant* (Foinse). Ina theannta sin, tá deontas aon uaire ar fiú Stg£25,000 ar fáil do gach scoil a chuirtear faoi stádas acadaimh. Mar sin féin, níl an deontas sin ar fáil do scoileanna atá urraithe. Faoi dheireadh, tagann gach caiteachas caipitil amach as an mbuiséad státchiste lárnach agus is é Rúnaí Stáit an Oideachais féin sa RA a thugann a údarás dó sin.

Baintear úsáid as an *Local Authority Central Spend Equivalent Grant*, atá ina mhír thiomnaithe den chistiúchán, le cur leis an gcistiúchán le haghaidh acadamh mar nach bhfuil cead acu úsáid a bhaint as seirbhísí ó na húdaráis áitiúla níos mó. Mar shampla den mhéid cistiúcháin bhreise, fuair *Morley High School* in Leeds Stg£175 breise le haghaidh gach dalta gach bliain nuair a rinneadh acadamh di in 2011. Baintear úsáid as an airgead sin le seirbhísí a cheannach, ina lán cásanna go díreach ón údarás áitiúil, seirbhísí a sholáthraíonn an t-údarás sin do scoileanna neamh-acadaimh.

Fuair an Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta (NAO) sa RA amach, is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a coibhéis in Éirinn, nach raibh na córais chuntasaíochta daingean go leor lena chinntiú go rabhthas in ann teacht ar chliseadh sa chóras airgeadais agus é sin a chur ina cheart. Tharraing an NAO aird ar an easpa trédhearcachta sna socruithe cistiúcháin le haghaidh acadamh agus luaigh siad róchaiteachas de Stg£1billiún laistigh de dhá bhliain dá bharr sin.[2]

## An Ísiltír

Tá a lán neamhspleáchais ag scoileanna na hÍsiltíre maidir le cúrsaí buiséadacha. Tá cead ag scoileanna foireann a cheapadh agus a fhostú fad is go leantar na rialacha maidir le tuarastal agus cáilíochtaí múinteoirí. Tagann cistiúchán an rialtais le haghaidh bunscoileanna trí na boird scoileanna agus na rialtais bhardasacha. Is iad na boird scoileanna a bhainistíonn an buiséad. Faigheann scoileanna dara leibhéal blocdheontas atá bunaithe ar an gcaiteachas le haghaidh gach dalta agus tá neamhspleáchas ag gach scoil maidir le hacmhainní a úsáid. Ní mór a thabhairt faoi deara gur féidir le húdaráis áitiúla tionchar neamhfhoirmiúil a imirt ar pholasaithe scoileanna agus boird scoileanna maidir le tosaíochtaí caite airgid. Ó thaobh na mbunscoileanna de, tá na tuarastail go measartha socraithe de réir rialacha na Státseirbhíse, ach is féidir iad a shocrú go hiomlán trí idirbheartaíocht sna scoileanna dara leibhéal; is féidir le scoileanna dara leibhéal tuarastail múinteoirí a shocrú trí idirbheartaíocht ar leibhéal na scoile féin.

## An tSualainn

Tugadh scoileanna 'saora' isteach sna blianta tosaigh sna 1990í sa tSualainn, nuair a aistríodh an t-údarás chuig bardais áitiúla chun an bunoideachas agus an meánoideachas a reáchtáil. Tugadh freagracht iomlán amach do na bardais sin as cúrsaí airgeadais na mbunscoileanna agus na meánscoileanna. Ar dtús, rinne an rialtas lárnach maoirseacht ar acmhainní airgeadais a athdháileadh ó bhardais níos saibhre ar na bardais sin a bhí ag freastal ar phobail faoi mhíbhuntáiste, ach faoin mbliain 1993, bhí deireadh le ról an rialtais i gcistiú scoileanna. Le himeacht ama, tháinig athrú mór ar na difríochtaí i gcaiteachas an oideachais ar fud na mbardas agus cuireadh ceisteanna faoi chothromas acmhainní a chur ar fáil. Díláraíodh freisin an fhreagracht as pá múinteoirí a shocrú i lár na 1990í. Ón am sin i leith, téann cúinsí ar leibhéal na scoile níos mó i bhfeidhm ar thuarastail (Björklund et al 2004) agus líon na gcásanna ina mbíonn múinteoirí gann idir scoileanna faoi bhuntáiste agus scoileanna faoi mhíbhuntáiste, tá an difríocht sin ag fás níos mó sa tSualainn ná mar atá sí i dtíortha OECD eile (OECD 2014).

Is soláthraithe oideachais ghinearálta atá ar lorg brabúis iad an grúpa is mó de scoileanna saora, ach tá scoileanna oideolaíochta ar leith, scoileanna creidimh agus scoileanna grúpa eitnigh/teanga ar leith ann freisin. Deir lucht a gcáinte nuair a bhíonn na scoileanna sin ar lorg brabúis go gcuireann sin ardchaighdeán an oideachais i mbaol. I ndiaidh do roinnt cuideachtaí

[2] Source: http://www.sec-ed.co.uk/news/dfe-warned-over-academy-spending

scoileanna a rá go raibh siad bancbhriste, thug rialtas na Sualainne le fios nach mbeadh cead ag cistí cothromais phríobháidigh a bheith ina n-úinéirí níos mó.

### An Fhionlainn

San Fhionlainn, tá smacht ag an rialtas bardasach ar bhuiséid na scoileanna agus déanann Bord Oideachais Bardais na buiséid sin a bhainistiú. Tagann 45% den chistiúchán don oideachas ón rialtas lárnach agus tagann 55% ó chistí bardais. Tagann cistiúchán bardasach don oideachas ó chánacha ioncaim (a chruinnítear ar leibhéal an bhardais) agus ó chánacha maoine. Tá tuarastail múinteoirí go measartha socraithe de réir rialacha státseirbhíse agus roghnaíonn na bardais a gcuid múinteoirí faoi choinníollacha an-dian.

Cé go measann scoileanna na Fionlainne, de ghnáth, go bhfuil a lán neamhspleáchais acu agus nach bhfuil ach tionchar beag ag an rialtas lárnach ar na cinntí buiséid a dhéanann na bardais, tá bearta tomhaiste i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an cistiúchán cothrom ar fud na scoileanna. Nuair a mheastar an buiséad lárnach, ní mór fíorchaiteachas na scoileanna a bhreithniú agus tá meicníocht chothromais sa mheastachán sin ionas go mbeidh ar bhardais níos saibhre níos mó a thabhairt ar bhonn comhréire.

## 6.4 Neamhspleáchas buiséadach in Éirinn

Go ginearálta, tá neamhspleáchas go pointe áirithe ag scoileanna státchistithe in Éirinn maidir leis an mbuiséad. Athraíonn an méid neamhspleáchais agus smachta atá ag scoileanna maidir lena gcúrsaí airgeadais féin de réir ghnéithe difriúla an chistiúchán: cistiúchán caipitil (talamh agus foirgnimh), tuarastail (múinteoirí agus foireann), agus cistiúchán nach mbaineann le pá. Ina theannta sin, athraíonn meicníochtaí cistiúcháin idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus, laistigh den earnáil iar-bhunoideachais, idir meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha agus coláistí pobail. Déantar meas ar bhonn mionsonraithe thíos ar neamhspleáchas buiséadach na scoileanna in Éirinn agus déantar tagairt do ghnéithe éagsúla an chistiúcháin.

**Oibreacha caipitil ar an mórchóir**

- Go traidisiúnta, ba í an Roinn a rinne na hoibreacha caipitil go léir a bhainistiú le rialú costais agus caighdeáin a chinntiú. Mar sin féin, le blianta beaga anuas, tugadh níos mó neamhspleáchais amach do scoileanna ar leith le haghaidh oibreacha caipitil. Ina ainneoin sin, níl mórán neamhspleáchais ag scoileanna fós maidir le cistiúchán do mhórthionscadail chaipitil a bhainistiú, mar thionscadail tógála foirgnimh úra scoile
- Tagann cistiúchán do mhórthionscadail chaipitil, mar shampla, foirgnimh úra scoile agus móroibreacha athchóiriúcháin agus sínte, as an Státchiste. Níl mórán neamhspleáchais ag údaráis scoileanna maidir leis na cistí sin a bhainistiú. Is é an Stát a shocraíonn an sainchúram do na hoibreacha, an tsonraíocht theicniúil agus ordú na

gcostas. Tá ceapachán na bhfoirne deartha agus na gconraitheoirí faoi réir rialacháin soláthar agus caithfidh údaráis scoileanna iad a chomhlíonadh ina n-iomláine le go laghdófar baol cúis dlí a d'fhéadfadh teacht aníos

- Mar gheall ar mhéid an chistiúcháin atá i gceist (tionscadail ar fiú a lán milliún euro iad, de ghnáth) agus mar gheall ar a gcastacht theicniúil, ní bheadh an saineolas teicniúil ag mórán scoileanna leis an bpróiseas a bhainistiú iad féin. Dá bharr sin, bíonn ról lárnach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus/nó ag comhlachtaí poiblí eile, mar OPW nó ETBanna, i mbainistiú na dtionscadal sin. Caithfidh an Roinn an buiséad agus uainiú faofa dul chun cinn na dtionscadal a fhaomhadh, agus tá an séala deiridh faoi réir chomhlíonadh riachtanais na Roinne
- In ainneoin a oiread agus a bhíonn an Roinn páirteach sna tionscadail, is é an t-aiseolas a fuarthas ar ais óna lán údaráis scoileanna go bhfuil obair mhór ag teastáil ó fhoireann bhainistithe na scoile don phróiseas agus cuireann sé riarachán na scoile faoi ualach trom

**Oibreacha caipitil ar an mionchóir**

